Focus on
Frontline Care



# Annual Report 2001

Western Health Board

Bord Sláinte an Iarthair

# Tuarascáil Bhliantúil



Dírithe ar chéad
líne an chúraim

# Contents

# Clar


Western Health Board Mission ..... 2
Chairman's Overview ..... 8
Chief Executive Officer's Overview ..... 9
Our Board ..... 13
Our Staff & Our People ..... 14
Our Community Services ..... 16
Our Mental Health Services ..... 22
Our Services for Older People ..... 26
Our Hospital Services ..... 30
Our Cancer Strategy ..... 38
Our Cardiovascular Health Strategy ..... 40
Corporate & Public Affairs ..... 42
Public Health ..... 48
Management Services ..... 50
Capital Projects ..... 52
Human Resources ..... 54
Technical Services ..... 58
Finance ..... 60
Our Area ..... 64

Misean Bhord Sláinte an Iarthair ..... 2
Forléargas an Chathaoirligh ..... 8
Ráiteas an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ..... 9
Ár mBord ..... 13
Ár bhFoireann is ár Muintir ..... 14
Ár Seirbhísí Pobail ..... 16
Ár Seirbhísí Meabhairshláinte ..... 22
Ár Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta ..... 26
Ár Seirbhísí Oispidéil ..... 30
Ár Straitéis Ailse ..... 38
Ár Straitéis Sláinte Cairdiach-Shoithíoch ..... 40
Gnótha Corporáideacha & Poiblí ..... 42
Sláinte Poiblí ..... 48
Seirbhísí Bainisteoireachta ..... 50
Tionscadail Chaipitiúla ..... 52
Acmhainní Daonna ..... 54
Seirbhísí Teicniúla ..... 58
Airgeadas ..... 60
Ár gCeantar ..... 64

HOSPITAL

## Mission

## Misean

**"The Mission of the Western Health Board is to promote the highest attainable level of health for all persons in its functional area."**

The Board will pursue this through:

- the advancement of health promotion and disease prevention;
- the provision of high quality services accessible to all;
- the cost effective use of allocated resources;
- the involvement of its dedicated staff and the development of each person's potential.



**“Is é misean Bhord Sláinte an larthair ná an leibhéal sláinte is airde insroichte a chothú don uile dhuine inár gceantar feidhmiúcháin.”**

Seo mar a thabharfaidh an Bord faoina misean:

- cur chun cinn na sláinte a thabhairt ar aghaidh agus galair a chosc;
- seirbhísí den chéad scoth a sholáthar a mbeidh fáil ag gach uile dhuine orthu;
- na hacmhainní a chuirtear ar fáil dúinn a úsáid le héifeachtúlacht chostais;
- trí dhul i gcomhar lena fhoireann dhúthrachtach oibre agus trí mhianach gach duine díobh a fhorbairt.



We spent an average of IR£1,200 for each person living in Galway, Mayo and Roscommon delivering a broad range of Health and Personal Social Services.

Chaitheamar IR£1,200 ar an méan in aghaidh gach duine a chónaíonn i nGaillimh, Maigh Eo, agus Ros Comáin as réimse leathan Seirbhísí Sláinte, Pearsanta, Sóisialta a Sholáthar.



Our Acute Hospitals treated:

- 55,000 Inpatients.
- 30,000 Day Case Treatments.
- 150,000 Outpatient Consultations.
- 103,000 people attended A&E.

Chuir ár nOspidéil Ghéarthinnis cóir leighis ar:

- 55,000 Othar Istigh.
- 30,000 Cásanna Lae.
- 150,000 Comhairliúcháin ar Othair amuigh.
- Bhí tinreamh 103,000 duine inár Ranna Taismí agus Éigeandála.



Our Ambulances have travelled
1,164,000 miles this year -
the equivalent of circling
the world some 50 times.

Thaistil ár n-otharcharranna
1,164,000 míle slí i rith na bliana
rud arb ionann is dul timpeall
an domhain 50 uair.



There are over 5,000 nurses and midwives employed by the Western Health Board.

Tá os cionn 5,000 banaltra agus cnáimhseach ar fostú ag Bord Sláinte an Iarthair.

**I was greatly honoured to be elected Chairman of the Western Health Board (WHB) in 2001 and hope that my experience, including tenure as Minister of State for Health from 1987 to 1989, was of benefit to the organisation.**

2001 was a year of unprecedented development and expansion of the Board's service – a golden age, in fact. Our building programme, across all services and counties, was extensive and the achievements in this regard are set out in detail in the body of this report.

Spending in healthcare in the past five years has increased dramatically and 2001 was another record year for our revenue budget. It allowed us to hire hundreds of new staff to deliver the services our largely rural population have needed for so long – of course there is still a lot to do but we are now well positioned for the future.

My colleague Members worked hard in 2001. There were 15 meetings of the Board and 43 meetings of the various committees. We considered 108 reports, including eleven major Board Strategies and Plans. We approved seven property transactions, the most significant being the transfer of ownership and operation of Portiuncula Hospital, Ballinasloe and the purchase of the building and land in Tuam from the Bon Secours system. This was in addition to ongoing Capital Developments at University College Hospital, Galway (UCHG), Merlin Park Regional Hospital (MPRH), Mayo General Hospital (MGH) and Roscommon County Hospital (RCH). I thank the members for their dedication, their courtesy and their co-operation with the Chairman over the year.

The Chief Executive Officer Dr Sheelah Ryan continues to lead by example and I commend her vision, tirelessness and her advice to me. I also thank her management and staff for their commitment and achievement during the year.

This Annual Report gives a flavour of the range and volume of services provided during 2001 to the people of Roscommon, Mayo and Galway and shows that the Western Health Board is living up to its Mission Statement and improving continuously.

**Councillor Terry Leyden, Chairman**

# Chairman's Overview

# Forléargas an Chathaoirligh

*Councillor Terry Leyden, Chairman*

*An Comhairleoir Traolach Ó Loideáin, Cathaoirleach*

**Ba mhór an onóir dom gur toghadh mé mar Chathaoirleach ar Bhord Sláinte an Iarthair (BSI) i 2001 agus tá súil agam go ndeachaigh mo chuid taithí, mo thréimhse mar Aire Stáit sa Roinn Sláinte ó 1987 go 1989 san áireamh, chun leasa na heagraíochta.**

Ní fhacthas cheana bliain mar 2001 leis an méid forbartha agus leathnaithe a rinneadh ar sheirbhís an Bhoird — d'fhéadfaí a rá gur ré órga a bhí ann. Bhí clár leathan tógála againn i ngach seirbhís agus i ngach contae, agus tugtar na sonraí faoin méid a bhaineamar amach sa réimse seo i gcorp na tuairisce seo.

Tháinig méadú drámatúil ar an gcaiteachas ar chúram sláinte le cúig bliana anuas agus ba bhliain ar leith 2001 arís maidir lenár mbuiséad ioncaim. Chuir sé ar ár gcumas na céadta daoine nua a earcú dár bhfoireann chun seirbhísí a sholáthar do dhaonra a chónaíonn faoin tuath den chuid is mó, daoine a bhí ina n-éagmais le fada - is cinnte go bhfuil go leor le déanamh i gcónaí ach tá muid ullmhaithe go maith don todhchaí anois.

D'oibrigh mo chomhbhaill go dian i 2001. Bhí 15 cruinniú den Bhord ann agus 43 cruinniú de na coistí éagsúla. Rinne muid 108 tuairisc a mheas, ina measc aon cheann déag mórstraitéisí agus pleananna de chuid an Bhoird. D'fhaomhaigh muid seacht mbeartas sealúchais, arbh é aistriú úinéireacht agus feidhmiú Ospidéal Phortiuncula i mBéal Átha na Sluaighe an ceann ba shuntasaí díobh, agus ceannach foirgnimh agus talún i dTuaim ó chóras Bon Secours. Rinneadh é seo de bhreis ar na forbairtí leanúnacha caipitil ag Ospidéal Choláiste an hOllscoile, Gaillimh, Ospidéal Réigiúnach Pháirc Mhuirlinne, Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo agus Ospidéal Chontae Ros Comáin.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do na baill ar son a ndúthrachta, a gcuirtéis agus a gcomhoibriú leis an gCathaoirleach i rith na bliana.

Leanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Dr Sighle Ní Riain, uirthi d'ár dtreorú lena dea-shampla féin, agus molaim a léargas, a cuid fuinnimh agus a comhairle dom féin. Gabhaim buíochas freisin lena bainisteorí agus lena foireann as ucht a ndúthrachta agus an méid a chuir siad i gcrích i rith na bliana.

Tugann an Tuairisc Bhliantúil seo léargas ar réimse agus ar líon na seirbhísí a cuireadh ar fáil i rith 2001 do mhuintir Ros Comáin, Mhaigh Eo agus na Gaillimhe, agus léiríonn sé go bhfuil Bord Sláinte an Iarthair ag seasamh lena ráiteas misin agus ag feabhsú de shíor.

**An Comhairleoir Traolach Ó Loideáin, Cathaoirleach**

**2001 was a busy and successful year for the Western Health Board. We continued to focus on frontline care. More than IR£417m - an average of IR£1,200 for every resident of Galway, Mayo and Roscommon - was spent delivering a broad range of health and personal social services. There was major change in the economy during the year, as Ireland was affected by economic slowdowns and recession elsewhere in the world.**

This was accentuated by the tragedies in the United States on September 11th. Whereas the beginning of the year was characterised by a major drive to recruit staff and increase capacity and activity, it was clear by the end of the year that we were entering a phase of consolidation.

Activity again exceeded targets, particularly in our hospitals, whose efficiency continues to be recognised through case-mix; the favourable 2002 allocation reflects their performance in 2001. The overall high level of activity was further supported by a supplementary allocation late in the year.

Recruitment in 2001 was undertaken through focused project management because of the large numbers involved and the challenges in finding and attracting certain types of staff, particularly in the therapy grades. The Board worked with National University of Ireland, Galway in preparing its bid to the Higher Education Authority for the provision of Degree courses in some of these areas.

The Members of the Board were a source of direction and guidance during the year and I am very grateful to them for their dedication and

# Chief Executive Officer's Overview

# Ráiteas an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin

**Ba ghnóthach agus ba ráthúil an bhliain í 2001 ag Bord Slainte an Iarthair. Dhírigh muid mar is gnách ar chéad líne an chúraim. Caitheadh níos mó ná IR£417m – IR£1,200 ar an meán do gach duine i nGaillimh, Maigh Eo agus Ros Comáin, ar réimse leathan de sheirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta pearsanta. D'athraigh an eacnamaíocht go mór i rith na bliana, de réir mar a chuaigh an lagthrá agus an meathlú eacnamaíoch in áiteanna eile ar fud an domhain i gcionn ar Éirinn.**

Ghéaraigh sé seo go mór de bharr tubaistí an Iúl Meán Fómhair sna Stáit Aontaithe. Ag tús na bliana bhí feachtas láidir ar siúl chun foireann a earcú agus chun inniúlacht agus gníomhaíochtaí a mhéadú, ach ba léir faoi dheireadh na bliana go mbeadh comhdhlúthú le déanamh go ceann tamaill.

Sháraigh na gníomhaíochtaí na spriocanna arís, go háirithe inár gcuid ospidéal, agus aithnítear a n-éifeachtúlacht sa chás-mheascadh; léiríonn cionroinnt fhabhrach 2002 chomh maith is a d'fheidhmigh siad i 2001. Tacaíodh leis an leibhéal iomlán gníomhaíochta le cionroinnt airgid bhreise go déanach sa bhliain.

Rinneadh an earcaíocht le linn 2001 trí bhainistiú dírithe ar thionscadail de bhrí go raibh uimhreacha móra i gceist agus go bhfuil sé deacair cineálacha áirithe foirne a fháil, go háirithe i ngráid na dteiripeoirí. D'oibrigh an Bord le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh ar iarratas a ullmhú le cur chuig an Údarás um Ardoideachas chun cúrsaí Céime a sholáthar i gcuid de na réimsí seo.

Bhí treoir agus stiúir le fáil ó Bhaill an Bhoird i rith na bliana agus tá mé fíorbhuíoch díobh as ucht a ndúthrachta agus as na cinnidh a rinne siad i bpáirt. Tá mé buíoch go háirithe den Dr Gréagóir Ó Ceallaigh agus den Chomhairleoir Traolach Ó Loideáin, a bhí ina

collective decision making. In particular, I would like to thank Dr Greg Kelly and Cllr Terry Leyden, who Chaired the Board during 2001. The Board's purchase of Portiuncula Hospital was a highlight and I welcome all of this Hospital's fine staff to the Western Health Board family.

The development of the organisation was a focus in 2001. There was progress in several areas including the various TEAM initiatives, the setting up of the Corporate Analyst and the Corporate Learning & Development functions, further devolvement to and strengthening of General Management in the Hospital and Community sectors and the involvement of staff in the formulation of the new National Health Strategy, "Quality & Fairness". Personal Development Plans were introduced in Galway Regional Hospitals.

Management/Union partnership continued through the work of RoundTable (established in 1997), the Board's partnership structure under the National Partnership Forum. Additional local partnership committees were set up in each of the counties, bringing the total to eight. The goal is coverage of the whole organisation by the end of 2002. Through partnership, policies have been developed in areas such as anti-bullying, sexual harassment, grievances and discipline.

The allocation received in 2001 allowed development across all programmes. The hospital and community services both benefited, as did several population groups in our area, including older people and those living with physical, sensory or mental disability. We worked in partnership with voluntary agencies of all sizes and further developed this relationship through formal service agreements with the larger organisations. Partnership between health boards took a big step forward with the establishment of HeBE, the Health Boards Executive. Partnership with our patients/clients/users grew, as did our engagement with our own staff and with the general public. Examples of this include the website, the intranet, the highly successful "Health Links" newspaper supplement, the

***We continued to implement the major National Cardiovascular and Cancer Strategies, through initiatives ranging from health promotion and education, through local provision of specialised care, to rehabilitation and secondary prevention.***

***Lean muid orainn ag cur na mórstraitéisí Náisiúnta Cairdiach-shoithíocha agus Ailse i bhfeidhm, trí réimse tógraí ó spreagadh na sláinte agus oideachas, cúram speisialtóirí a sholáthar go háitiúil, go dtí athshlánú agus athiompuithe a sheachaint.***

Chathaoirleach ar an mBord i rith na bliana 2001. Ba ócáid mhór don Bhord ceannach Ospidéal Phortiuncula agus fáiltím roimh fhoireann bhreá an ospidéil seo isteach i dteaghlach Bhord Sláinte an Iarthair.

Díríodh ar fhorbairt na heagraíochta i 2001. Rinneadh dul chun cinn i réimsí éagsúla, ina measc na tograí TEAM, cuireadh feidhmeanna Anailísí Corparáideach agus Foghlaim agus Forbairt Chorparáideach ar bun, rinneadh forbairt bhreise ar Bhainistíocht Ghinearálta sna hearnála ospidéil agus pobail agus neartaíodh iad, agus bhí an fhoireann páirteach in eagrú na Straitéise Náisiúnta Sláinte nua, 'Fiúntas agus Cothroime'. Cuireadh tús le Pleananna Forbartha Pearsanta in Ospidéil Réigiúnacha na Gaillimhe.

Lean an chomhpháirtíocht idir an Bhainistíocht agus na Ceardchumainn trí obair an Bhoird Chruinn (a bunaíodh i 1997), le struchtúr comhpháirtíochta an Bhoird faoin bhFóram Náisiúnta Comhpháirtíochta. Cuireadh coistí comhpháirtíochta breise ar bun i ngach ceann de na contaethe, ionas go bhfuil 8 gcinn ann anois. Tá sé d'aidhm againn an eagraíocht ar fad a chlúdach faoi dheireadh 2002. Rinneadh polasaithe a fhorbairt i réimsí mar frith-mhaistíneacht, ciapadh gnéasach, gearáin, agus disciplín.

B'fhéidir forbairt a dhéanamh ar na cláracha go léir leis an gcionroinnt airgid a fuarthas i 2001. Ghnóthaigh na hospidéil agus na seirbhísí pobail araon dá bharr, mar a rinne roinnt grúpaí daonra inár gceantar, ina measc daoine scothaosta agus iad siúd a bhfuil éagumas fisiciúil, céadfaíoch nó meabhrach orthu. D'oibrigh muid i bpáirt le háisíneachtaí deonacha, idir bheag agus mhór, agus rinne muid tuilleadh forbartha ar an gcaidreamh seo trí chomhaontaithe foirmiúla seirbhíse leis na heagraíochta

innovative "Frankly Speaking" newsletter, satisfaction questionnaires, use of focus groups, and the continued expansion of the network of regional and local advisory committees.

2001 saw the single biggest development to date of the Board's role in health, as we continued to move from a healthcare model of sickness to one of wellness, of individuals and communities taking charge of their own health.

We continued to implement the major National Cardiovascular and Cancer Strategies, through initiatives ranging from health promotion and education, through local provision of specialised care, to rehabilitation and secondary prevention. The local availability of Heart Surgery and Radiotherapy will be key developments in this regard.

Planning and management of capital projects and the provision of technical services continued. As well as the development of new facilities, particularly through the large construction programmes at University College Hospital, Galway and Mayo General Hospital, there was significant work in identifying emerging capital needs, including the upkeep of our existing building stock, as well as the maintenance and replacement of our equipment and our ambulance fleet. Striking a balance between development capital and "core" capital was a challenge and will continue to be a feature over the coming years.

September 11th, Foot & Mouth Disease and the Anthrax alert all combined to bring a focus on the comprehensiveness and adequacy of emergency planning, from the national level to that of the individual and the family. The Board's Ambulance Service and Public Health Department provided leadership in this

***The local availability of Heart Surgery and Radiotherapy will be key developments in this regard.***

***Forbairtí a bheidh an-tábhachtach maidir leis seo ná máinliacht croí agus raiditheiripe a sholáthar go haitiúil.***

móra. Thóg an chomhpháirtíocht idir na boird sláinte céim mhór chun tosaigh le bunú HeBE, Feidhmeannas na mBord Sláinte. D'fhás an chomhpháirtíocht lenár n-othair/cliaintí/úsáideoirí, mar a d'fhás an caidreamh lenár mbaill foirne féin agus leis an bpobal i gcoitinne. Is samplaí de seo an láithreán idirlín, an gréasán inmheánach, an forlíonadh nuachtán 'HealthLinks', a bhfuil an-ráchairt air, an nuachtlitir nuálach "Frankly Speaking", ceistneoirí sástachta, grúpaí fócais a úsáid, agus an leathnú leanúnach ar ár ngréasáin de choistí comhairleacha réigiúnacha agus áitiúla.

Bhí an fhorbairt is mó go dtí seo ar ról an Bhoird i gcur chun cinn na sláinte i 2001, agus muid ag druidim ó mhúnla cúram an tinnis go múnla na folláine, chun daoine agus pobail a spreagadh chun aire a thabhairt dá sláinte féin.

Lean muid orainn ag cur na Straitéisí móra Náisiúnta Cairdiach-Shoithíocha agus Ailse chun cinn, trí chúram speisialtóirí a sholáthar go háitiúil, trí thograí spreagtha sláinte agus oideachais, trí athshlánú, agus trí athiompuithe a sheachaint. Forbairtí a bheidh an-tábhachtach maidir leis seo ná Máinliacht Croí agus Raiditheiripe a sholáthar go haitiúil.

Leanadh ar aghaidh le pleanáil agus le bainistiú na dtionscadal caipitil agus le soláthar na seirbhísí teicniúla. Chomh maith le háiseanna nua a fhorbairt, go háirithe sna tionscnaimh mhóra tógála ag Ospidéal Choláiste an hOllscoile, Gaillimh agus Ospidéal Ginearála Mhaigh Eo, rinneadh obair shuntasach maidir le nua-riachtanais chaipitil a aithint, ina measc cúram stoc na bhfoirgintí atá againn cheana, agus cothabháil agus athsholáthar ár gcuid trealaimh agus an flít otharcharranna. Ba dhúshlán dúinn cothromaíocht a choinneáil idir caipiteal forbartha agus 'croí-chaipiteal' agus beidh an scéal amhlaidh sna blianta atá romhainn.

regard, both in responding to calls and perceived emergencies and in reassuring the public. A new Corporate Emergency Response Group was formed.

During the year, progress continued in the development of quality initiatives. This included largescale developments such as the Accreditation Project in Galway Regional Hospitals but also the many and varied initiatives and quality schemes operated in each county, across all services. Quality is now very much an everyday aspect of our work. Risk management became even more significant during the year and clinical risk management expanded, particularly in our hospitals but also through the development of an organisation-wide framework and through the further development of complaints and feedback principles and processes. The Board continues to learn from its interactions with the Ombudsman and the Information Commissioner.

This Annual Report reflects the Service Plan for 2001. The Plan was approved by the Members of the Board and submitted to the Minister for Health & Children. The Board monitored it closely through its Standing Committees and through full quarterly reviews. I am pleased to report that the Plan was substantially implemented and that the budgetary position at the end of the year was break-even. This would not have been possible without the continued dedication, hard work and commitment of our staff. I would like to once again express my gratitude to them.

**Dr Sheelah Ryan,**
**Chief Executive Officer**

*Dr Sheelah Ryan,*
*Chief Executive Officer*

*An Dr Sighle Ní Riain,*
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

Mar gheall ar an Ilú Meán Fómhair, an Galar Crúb agus Béil, agus Antracs, cuireadh an-bhéim i rith na bliana ar oiriúnacht agus ar chuimsitheacht na pleanála éigeandála, ón leibhéal náisiúnta go leibhéal an duine aonair agus an teaghlaigh. Bhí an tseirbhís otharcharr ar thús cadhnaíochta maidir leis seo, ag freagairt glaonna agus éigeandála a samhlaíodh, agus ag cur an phobail ar a shuaimhneas. Cuireadh Grúpa Corparáideach um Fhreagairt d'Éigeandála ar bun.

Leanadh ar aghaidh le tograí fiúntais a fhorbairt i rith na bliana. Bhí tograí ar mhórscála, ar nós an Tionscadal Creidiúnaithe in Oispidéil Réigiúnacha na Gaillimhe san áireamh chomh maith le hiliomad tograí agus scéimeanna fiúntais a bhí ar bun i ngach gcontae agus i measc na seirbhísí go léir. Is gnáthchuid dár gcuid oibre anois é an fiúntas. Mhéadaigh ar thábhacht bainistiú an phriacail i rith na bliana, go háirithe sna hospidéil agus leathnaíodh ar an bpriacal cliniciúil a bhainistiú, ach chomh maith leis sin rinneadh gréasán a fhorbairt ar fud na heagraíochta agus rinneadh forbairt bhreise ar phrionsabail agus ar phróisis gearáin agus aischothaithe. Tá an Bord ag foghlaim i gcónaí óna chaidreamh leis an Ombudsman agus leis an gCoimisinéir Eolais.

Léiríonn an Tuairisc Bhliantúil seo Plean Seirbhíse na bliana 2001. D'fhaomhaigh baill an Bhoird an plean agus cuireadh é faoi bhráid an Aire Sláinte agus Leanaí. Rinne an Bord monatóireacht dhian ar an bplean trína Choiste Seasta agus trí athbhreithniú iomlán gach ráithe. Tá áthas orm a thuairisciú gur cuireadh an Plean i bhfeidhm go substaintiúil agus go dtáinig an buiséad slán ag deireadh na bliana. Ní fhéadfaí é seo a dhéanamh gan dúthracht leanúnach agus obair chrua na foirne. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl dóibh arís.

Sighle Ní Riain

**An Dr Sighle Ní Riain,**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

# Our Board
# Ár mBord

Mr Sean Bourke, MCC
*Seán de Búrca, BCC*

Mr Danny Burke, MCC
*Dónall de Búrca, BCC*

Mr Ulick Burke, TD, MCC
*Uileag de Búrca, TD, BCC*

Mr Desmond Bruen, MCC,
*Deasún Ó Brún, BCC*

Mr Joe Callanan, MCC,
*Seosamh Ó Callanáin, BCC*

Mr Josie Conneely, MCC
*Josaí Ó Conghaile, BCC*

Ms Beverley Cooper-Flynn, TD, MCC
*Beverley Cúipéir-Ní Fhloinn, TD, BCC*

Dr Patrick Costello, BDS
*An Dr Padraig Mac Coistealla, BDS*

Senator Margaret Cox, BC
*An Seanadóir Máiréad Nic an Choiligh, CB*

Dr Fidelma Creaven
*An Dr Fedeilme Nic Cráibhín*

Ms Johanna Downes, RGN
*Siobhán Ní Dhubháin, BCS*

Mr John Flannery, MCC
*Seán Ó Flannabhra, BCC*

Dr Noel Flynn
*An Dr Nollaig Ó Floinn*

Mr Brian Golden, MCC
*Brian Ó Góilín, BCC*

Dr JJ Gilmartin
*An Dr JJ Mac Giolla Mhártain*

Mr Val Hanley, BC
*Val Ó hAinle, CB*

Ms Mary Hoade, MCC
*Máire Ní Ódach, BCC*

Mr Charlie Hopkins, MCC
*Séarlas Ó hOipicín, BCC*

Dr Gregory Kelly
*An Dr Gréagóir Ó Ceallaigh*

Mr Patrick Kilbane, MCC
*Padraig Mac Giolla Bháin, BCC*

Mr Terence Leyden, MCC
*Traolach Ó Loideáin, BCC*

Mr Donal Lyons, BC
*Dónall Ó Laighin, CB*

Mr Michael Mullins, MCC
*Micheál Ó Maoláin, BCC*

Dr John Murphy
*An Dr Seán Ó Murchú*

Dr Jane McGauran
*An Dr Sinéad Nic Shamhráin*

Ms Dorothy McKane, MPSI
*Doireann Ni Chatháin, MPSI*

Dr Diarmuid McLoughlin
*An Dr Diarmuid Mac Lochlainn*

Mr Denis Naughten, TD, MCC
*Donncha Ó Neachtain, TD, BCC*

Ms Kathleen Quinn, MCC
*Caitlín Ní Choinn, BCC*

Mr Tim Quinn, MCC
*Tadhg Ó Cuinn, BCC*

Mr Sean Tully, RPN
*Seán Mac an Tuille, ASC*

## Our Staff & Our People

## Ár bhFoireann is ár Muintir

*The Western Health Board has embraced new flexible working arrangements introducing family friendly policies i.e. career sharing etc. This together with our emphasis and high performance in the recruitment and retraining of staff has made the WHB an employer of choice in the 21st Century.*

*Tá éascaíocht agus beartais báúil don teaglach .i. postanna a roinnt srl sna socruithe oibre nua a atá tugtha isteach ag Bord Sláinte an lárthair. Iad seo mar aon le béim ar ardchaighdeán in earcú agus athoiliúint foirne a rinne fostóir den scoth san 21ú Aois den Bhord.*

*The Western Health Board now employs over 10,500 people (8,500 Whole Time Equivalents) in counties Galway, Mayo and Roscommon who together provide invaluable health and social services to our community.*

*Tá os coinn, 10,500 duine anois ar fostú ag Bord Sláinte an Iarthair (rud ab ionann is 8,500 go lán-aimseartha) sna contaetha Gailleamh, Maigh Eo, agus Ros Comáin a chuireann seirbhísí fiorleachmhara sláinte agus sóisialta ar fáil dár bpobal.*

# Our Community Services

# Ár Seirbhísí Pobail

## Child Care & Family Support Services

- *A Child & Family Research & Policy Unit, with particular emphasis on family support, has been set up with National University of Ireland, Galway to research current policies and establish best practice in line with the National Children Strategy 2000.*
- *The Board's Child Care Strategy has been formally approved and an operational plan to implement the organisational aspects is being advanced.*
- *A video and book for volunteers and voluntary bodies working with children have been completed.*
- *A Mobile Play Bus Service has been launched. Two Buses have been purchased and refurbished, one of which will service west County Galway. The other will be based in Galway City where initially it will serve Traveller halting sites.*
- *A new community-based project known as "The Edge Project" has been set up in Mayo to work with 12-16 year olds whose behaviour poses a risk to their health, safety, development and welfare.*
- *The Regional Child Health Project Manager has been appointed to drive the implementation process of 'Best Health for Children'.*
- *The Regional Child Health Committee is undertaking organisational development work with a view to developing an overall child and adolescent health strategy for the Board.*
- *We have extended our family support network to Westport, Castlerea, Tuam and Monksland.*
- *Up to 60 frontline staff from both the Health Board and Voluntary Agencies have received awareness training in respect of the Family Group Conferencing model.*
- *Western Health Board and Foróige mentoring training has been completed and matches have been agreed for young people.*

*Two new Mobile Play Buses which will service the Connemara and Galway City areas*

*Dhá Spraoi-bhus Taistil nua a fhreastalóidh ar cheantar Chonamara agus Cathair na Gaillimhe*

## Cúram Leanaí agus Seirbhisí Tacaíochta Clainne

- *Tá Aonad Taighde agus Polasaí don Leanbh agus don Teaghlach, le béim ar leith ar thacaíocht don teaghlach, bunaithe le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh chun taighde a dhéanamh ar pholasaithe reatha agus chun na cleachtais is fearr a chinntiú de réir na Straitéise Náisiúnta do Leanaí 2000.*
- *Rinneadh faomhadh foirmiúil ar Straitéis Chúram Leanaí an Bhoird agus tá plean oibre á chur chun cinn chun na gnéithe eagrúcháin a chur i bhfeidhm.*
- *Críochnaíodh fístéip agus leabhar d'oibrithe agus d'eagraíochtaí deonacha atá ag obair le leanaí.*
- *Seoladh Seirbhís Spraoi-bhus Taistil. Ceannaíodh dhá bhus agus rinneadh athchóiriú orthu, agus beidh ceann acu ag freastal ar iarthar chontae na Gaillimhe. Beidh an ceann eile bunaithe i gcathair na Gaillimhe agus ag freastal ar ionaid lonnaithe an Lucht Siúil i dtús báire.*
- *Cuireadh tionscadal nua pobalbhunaithe ar siúl i Maigh Eo ar a dtugtar "The Edge Project", chun oibriú le daoine óga 12-16 bliana d'aois a bhfuil a n-iompar ina bhaol dá sláinte, dá sábháilteacht, dá bhforbairt agus dá leas féin.*
- *Ceapadh Bainisteoir Réigiúnach ar Thionscadal Sláinte na Leanaí chun dul i mbun 'An tSláinte is fearr do Leanaí' a chur i bhfeidhm.*
- *Tá obair forbartha eagrúcháin ar siúl ag an gCoiste Réigiúnach um Shláinte Leanaí le súil go bhforbrófaí mór-straitéis chomhtháite sláinte do leanaí agus d'ógánaigh thar ceann an Bhoird.*
- *Leathnaigh muid amach ár ngréasán tacaíochta teaghlaigh go Cathair na Mart, An Caisleán Riabhach, Tuaim agus Fearann na Manach.*
- *Cuireadh oiliúint airdill ar suas le 60 ball foirne ón mBord féin agus ó na heagraíochta deonacha atá ag plé go díreach le teaghlaigh maidir le múnla Comhdhála Grúpa an Teaghlaigh.*
- *Cuireadh críoch le hoiliúint chomhairleoireachta Bhord Sláinte an Iarthair agus Foróige agus aontaíodh faoi na comhairleoirí a chuirfí ar fáil do dhaoine óga.*

- *The Regional Fostering Services have run eight information mornings for new foster families.*
- *We have run eight 6-week training courses for prospective Foster Carers in the Region.*
- *25 new foster families have been assessed with more going through assessment.*
- *Formal joint training has taken place with Health Board staff and Gardai as part of the implementation of the National Child Protection Guidelines.*
- *The Health Advice Café has been opened.*
- *We have commenced a research project on the Child Health Public Health Nursing Service.*
- *By ensuring that retail outlets comply with the tobacco legislation we are directly helping prevent ease of access to cigarettes to those under 18. We have exceeded our target of 2,550 inspections.*
- *Immunisation uptake rates in children 24 months of age is 82%. We have achieved 74% uptake of Meningococcal C Vaccination in 0-5 years of age, which is about 3% above the national average.*
- *Agreed standards for facilities in Health Centres where child health services are provided have been finalised.*

## Physical & Sensory Disabilities

- *Access West, a guide to services, supports and a rights-based perspective for people with physical and sensory disabilities, has been launched in partnership with Enable Ireland.*
- *The new Brain Injury Rehabilitative Training Unit has been opened and is managed by Rehab on behalf of the Board.*
- *The Strategic Plan for Physical & Sensory Disabilities is being finalised through a collaborative partnership approach between statutory and voluntary agencies. The specific strategic plans for clients with strokes, visual impairment, progressive illness, brain injury, spinal injury, developmental disability, hearing impairment and amputation have been completed and are being incorporated into the overall Strategic Plan.*

- *Bhí ocht maidin eolais ar siúl ag Seirbhísí Altamais an Réigiúin do theaghlaigh nua altramais.*
- *Chuir muid ocht gcúrsa oiliúna 6-seachtainí ar siúl do dhaoine ar mhian leo dul i mbun altramais sa Réigiún.*
- *Rinneadh 25 teaghlach nua altramais a mheasúnú agus tá measúnú ag dul ar aghaidh ar theaghlaigh eile.*
- *Rinneadh comhoiliúint fhoirmiúil idir fhoireann an Bhord Sláinte agus na Gardaí mar chuid de Threoirlínte Cosaint Náisiúnta na Leanaí a chur i bhfeidhm.*
- *Osclaíodh an Caifé Comhairle Sláinte.*
- *Tá tús curtha againn le tionscadal taighde ar an tSeirbhís Altrachta Poiblí um Shláinte Linbh.*
- *D'éirigh linn srian a chur le rochtan daoine faoi 18 ar an tobac trína chinntiú go gcloífeadh ionaid mhiondíola leis an reachtaíocht faoin tobac. Sháraigh muid ár sprioc cigireachta de 2,550*
- *Tá ráta imdhíonaithe de 82% ann do pháistí 24 mí d'aois. D'éirigh linn vaicsíniú a thabhairt do 74% de leanaí 0-5 bliana d'aois i gcoinne Meiningeacocas C, ráta atá timpeall 3% níos airde ná an meán náisiúnta.*
- *Cuireadh bailchríoch le caighdeáin aontaithe le haghaidh áiseanna in Ionaid Sláinte mar a gcuirtear seirbhísí sláinte ar fáil do leanaí.*

## Míchumais Fhisiciúla agus Chéadfaíocha

- *Seoladh Access West, treoir do na seirbhísí agus do na háiseanna tacaíochta do dhaoine a bhfuil míchumais fhisiciúla agus céadfaíocha orthu, i gcomhar le Enable Ireland.*
- *Tá Aonad Oiliúna Athshlánaithe do Ghortú Inchinne ar oscailt agus á bhainistiú ag Rehab ar son an Bhoird.*
- *Tá bailchríoch á chur leis an bPlean Straitéiseach do Mhíchumais Fhisiciúla agus Chéadfaíocha trí chur chuige chomhpháirteach idir áisíneachtaí reachtúla agus deonacha.*
  *Tá bailchríoch curtha leis na pleananna straitéiseacha a dhíríonn ar chliaintí le strócanna, lagú radhairc, tinneas forásach, gortú inchinne, gortú dromlaigh, míchumas forbartha, lagú éisteachta agus teascadh agus iad ina gcuid dhílis den mhórphlean Straitéiseach.*

- *Tuam Resource Centre has been opened and is managed by the Irish Wheelchair Association on behalf of the Board.*
- *We have commenced national implementation of the physical & sensory disability database.*
- *26 additional day places have been provided - 20 of these in the new Tuam Resource Centre.*
- *An Attitude Survey has been carried out to assess the level of disability awareness among staff and clients.*
- *We have increased our home support and personal assistance services during the year.*

## Intellectual Disability

- *We have allocated IR£4.092m to agencies providing services to people with a learning disability.*

## Environmental Health

- *Our Environmental Health Services have been awarded ISO 9002. This is a measure of the quality of service provided by staff over a number of years.*

## Counselling

- *For the second year the Board provided dedicated counselling to adults who had experienced abuse as children - with over 2,257 sessions during the year.*

## Asylum Seekers

- *During the year we provided services to 3,155 Asylum Seekers.*

## Travellers Health

- *We have commenced a consultation process with Travellers with the aim of determining their health needs and to gain a better insight into Travellers' attitudes and perceptions of health.*
- *As a follow on from the inter-cultural training awareness programmes with staff, cultural mornings have been held and a series of workshops have been run at Mayo General Hospital.*

*Launching the Western Health Board and Galway Traveller Support Group 'Primary Health Care Training Programme'*

*'Clár Oiliúna sa Bhunchúram Sláinte' Bhord Sláinte an Iarthair agus Ghrúpa Tacaíochta na Gaillimhe don Lucht Siúil á sheoladh*

- *Osclaíodh Ionad Acmhainní Thuama agus tá Cumann Chathaoir Rotha na hÉireann i mbun bainistíochta air ar son an Bhoird.*
- *Táimid tosaithe ar an mbunachar sonraí faoin míchumas fisiciúil agus céadfaíoch a chur sa tsiúl ar bhonn náisiúnta.*
- *Cuireadh 26 áit bhreise lae ar fáil - 20 díobh seo in Ionad Acmhainní nua Thuama.*
- *Rinneadh Suirbhé Méine chun tuiscint na foirne agus na gcliant ar an míchumas a mheas.*
- *Tá ár dtacaíocht bhaile agus ár seirbhísí cúnaimh phearsanta méadaithe againn i rith na bliana.*

## Míchumas Intleachtúil

- *Thug muid cionroinnt airgid de IR£4.092m d'áisíneachtaí a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine a bhfuil míchumas foghlama orthu*

## Sláinte Imshaoil

- *Bronnadh ISO 9002 ar ár seirbhísí Oifigigh Sláinte Imshaoil Is léiriú é seo ar fhiúntas na seirbhíse a chuir an fhoireann ar fáil le blianta anuas.*

## Comhairleoireacht

- *Don dara bliain chuir an Bord dlúth-chomhairleoireacht ar fáil d'aosaigh a d'fhulaing drochíde agus iad ina leanaí - bhí os cionn 2,257 seisiún ann i rith na bliana.*

## Dídeanaithe

- *Chuir muid seirbhísí ar fáil do 3,155 Dídeanach i rith na bliana.*

## Sláinte an Lucht Siúil

- *Chuir muid tús le próiseas comhairle a ghlacadh le baill den Lucht Siúil le súil go ndearbhófaí a riachtanais sláinte agus go bhfaighfí léargas níos fearr ar dhearcadh an Lucht Siúil ar chúrsaí sláinte.*
- *Ag eascairt as na cláracha airdill idirchultúrtha leis an bhfoireann, eagraíodh maidneacha cultúrtha agus sraith de cheardlanna ag Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo.*

## Seirbhísí drugaí

- *Seoladh an Straitéis Náisiúnta Drugaí 2001 – 2009.*
- *Leanadh ar aghaidh le forbairt na seirbhísí pobalbhunaithe i rith na bliana.*

## Drugs Services

- *The National Drugs Strategy 2001 – 2009 has been launched.*
- *Community-based services have continued to develop during the year.*

## Community Nutrition

- *A draft form of the Food & Nutrition Guidelines for Pre-Schools has been presented to the National Forum of Pre-school Officers in the Department of Health & Children and to a consultation forum for professionals who will be involved in implementing the guidelines.*
- *Contact has been made with five primary schools interested in planning and developing a healthy eating policy and a presentation on school food guidelines has been given to the consultation group of the Department of Health & Children.*
- *Training sessions for the "Healthy Food Made Easy" project for disadvantaged groups have commenced and five sessions have been completed to date.*
- *Back-to-School campaigns for both primary and secondary schools have been completed and a healthy eating leaflet has been produced and distributed to all first year students in Galway/Mayo Institute of Technology.*

## Women's Health

- *55 groups have been funded by the Women's Health Advisory Committee.*
- *IR£260,000 has been provided to support services working with Women Victims of Violence.*

*Launching the Western Health Board and Foróige "Galway Youth World Cup." Paul Tannian, Ballinfoyle Neighbourhood Youth Project and Anita Morrison, Ballybane Neighbourhood Youth Project*

*"Corn Domhanda Óige na Gaillimhe" Bhord Sláinte an Iarthair agus Foróige á sheoladh. Pól Ó Tanaidheáin, Ógthionscadal Comharsanachta Bhaile an Foyle agus Anita Ní Mhuireasáin, Ógthionscadal Comharsanachta Bhaile Bháin*

## Cothú Pobail

- *Cuireadh dréachtfhoirm de na Treoirlínte Bia agus Cothaithe do réamhscoileanna i láthair Fhóram Náisiúnta na nOifigeach Réamhscoile sa Roinn Sláinte agus Leanaí agus i láthair fhóram chomhairleach do lucht gairme a bheidh páirteach i gcur i bhfeidhm na dtreoirlínte*
- *Tá teangmháil déanta le cúig bhunscoil a bhfuil spéis acu i bpleanáil agus i bhforbairt pholasaí bia sláintiúil agus tugadh taispeántas faoi threoirlínte bia scoile do ghúpa comhairleach an Roinn Sláinte agus Leanaí.*
- *Cuireadh tús le seisiúin oiliúna don tionscadal "Healthy Food Made Easy" ar son grúpaí faoi mhíbhuntáiste agus tá cúig sheisiúin críochnaithe faoin am seo.*
- *Cuireadh críoch le feachtais 'Ar ais ar Scoil' do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna agus eisíodh bileog bia sláintiúil agus dáileadh ar gach mac léinn céad bliana in Institiúid Theicneolaíochta na Gaillimhe agus Mhaigh Eo í.*

## Sláinte Ban

- *Rinne Coiste Comhairleach Sláinte Ban maoiniú ar 55 grúpa.*
- *Cuireadh IR£260,000 ar fáil mar chúnamh do sheirbhísí tacaíochta atá ag obair le Mná a d'Fhulaing Foréigean.*

## Dental

- *We have participated in the fieldwork for the National Survey of Adult Oral Health.*
- *3 sessions on video conferencing have been held in Roscommon in conjunction with Dublin Dental Hospital. It is planned that local dentists will be facilitated in taking up post-graduate courses through this medium, which will aid recruitment and retention of dentists in the Board's area.*
- *We have provided 51,714 treatments to children and 101,228 treatments to adults.*
- *Over 23,000 children living in non-fluoridated water have received fluoride mouth rinses.*

## Ophthalmology

- *19,122 Ophthalmic treatments have been carried out.*

## Genito-Urinary Clinics (Sexually Transmitted Diseases)

- *2,701 attended the Genito-Urinary Clinics throughout the Board in 2001.*
- *A new Genito-Urinary Clinic is now available in Portiuncula Hospital, Ballinasloe to serve the East Galway Sector of the Board's Region.*

*The Galway Youth Health Advice Café*

*Caifé Comhairle Sláinte na hÓige, Gaillimh*

## Fiaclóireacht

- *Ghlac muid páirt san obair allamuigh don Suirbhé Náisiúnta ar Shláinte Béil na nAosach.*
- *Eagraíodh 3 sheisiún ar chomhdhálacha trí mheán na teilifíse i Ros Comáin i gcomhar le hOspidéal Fiaclóireachta Bhaile Átha Cliath. Tá sé beartaithe cabhrú le fiaclóirí áitiúla cúrsaí iarchéime a dhéanamh trín mheán seo, rud a chabhróidh linn fiaclóirí a earcú agus a choinneáil i gceantar an Bhoird.*
- *Cuireadh 51,714 cóireáil ar leanaí agus 101,228 cóireáil ar aosaigh.*
- *Cuireadh rinseálacha béil ar fáil do os cionn 23,000 leanaí a chónaíonn i gceantracha gan soláthar uisce fluairínithe.*

## Oftalmeolaíocht

- *Tugadh 19,122 cóireáil oftalmach.*

## Clinicí Ghiniteach-Uiréacha (Ionfhabhtuithe Gnéas-tarchurtha)

- D'fhreastail 2,701 ar Chlinicí Ghiniteach-Uiréacha an Bhoird sa bhliain 2001.
- Tá Clinic Ghiniteach-Uiréach ar fáil anois in Ospidéal Phortiuncula, Béal Átha na Sluaighe, chun freastal ar rannóg Ghaillimh Thoir de Réigiún an Bhoird.

# Our Mental Health Services

# Ár Seirbhísí Meabhairshláinte



**Our Mental Health Services are in a period of transition from institutional to community care. The strategy on the provision of community-based services and the corresponding reduction in level of inpatient numbers continued in 2001.**

In recent years, there has been a significant decline in our long-stay population which has been accompanied by the development of a community care structure, including day centres, high support hostels and training centres. The underpinning philosophy of care closer to home and client empowerment has enabled a patient-centred approach to service delivery.

The new Mental Health Act, which is expected to be implemented in the near future, will replace the existing legal framework which dates back to 1945. This legislation will strengthen patients' rights, particularly non-voluntary patients, and confer legal status on community-based facilities.

### Challenges in 2001

Parallel costs will continue for the duration of the transition from inpatient care until the closure of the large psychiatric institutions.

Increasing cost of maintaining people in the community and increased number of people availing of community based services without a commensurate reduction in inpatient activity.

### Achievements in 2001

- *Transfer of 21 residents from St Mary's Hospital, Castlebar to the Fairways, Swinford.*
- *Transfer of 10 clients from St Brigid's Hospital, Ballinasloe to new high support residences at Ballinasloe and Killimor.*

*Artist - in - Residence programme, St Mary's Hospital, Castlebar, County Mayo*

*Togra Ealaíontóir Cónaitheach, Ospidéal Mhuire, Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo*

**Tá ár Seirbhís Meabhairshláinte ag athrú faoi láthair ó chúram institiúideach go cúram pobail. Leanadh leis an straitéis chun seirbhísí pobalbhunaithe a sholáthar agus laghdú a dheanamh dá réir ar uimhreacha othar istigh i 2001.**

Le blianta beaga anuas, tháinig laghdú suntasach ar ár ndaonra fadchónaitheach agus tá forbairt dá réir ar an struchtúr cúram sa phobal: ina measc ionaid lae, brúnna ardchúraim agus ionaid oiliúna. Mar gheall ar an bhfealsúnacht atá mar chrann taca leis seo – gur cheart an cúram a sholáthar níos gaire do bhaile agus cliaintí a chumasú -- is féidir soláthar na seirbhíse a lárnú ar an othar.

Glacfaidh an tAcht nua Meabhairshlainte, a bhfuiltear ag súil lena chur i bhfeidhm go luath, áit gréasán na reachtaíochta a bhí ann siar go 1945. Neartóidh an reachtaíocht seo cearta na n-othar, go háirithe na hothair neamhdheonacha, agus bronnfaidh sé stádas dlíthiúil ar áiseanna pobalbhunaithe.

### Dúshláin i 2001

Leanfaidh costais chomhthreomhara ar aghaidh a fhad is atá an t-aistriú á dhéanamh ó chúram othar istigh go dtí go ndúnfar na hinstitiúidí móra siciatracha.

Tá costas daoine a chothú amuigh sa phobal ag méadú agus líon na ndaoine a úsáideann na seirbhísí pobalbhunaithe ag ardú ach níl laghdú ag teacht dá réir ar ghníomhaíochtaí othar istigh.

### Ar baineadh amach i 2001

- *Aistriú 21 áitritheoir as Ospidéal Naomh Muire, Caisleán an Bharraigh, go dtí na Bánta, Béal Átha na Muice.*
- *Aistriú 10 gcliaint as Ospidéal Naomh Bríde, Béal Átha na Sluaighe go háitribh ardchúraim i mBéal Átha na Sluaighe agus Cill Íomair.*

- *Relocation of patients with an intellectual disability from St Bridgid's Hospital to community residences.*
- *Completion of the Acute Unit at Mayo General Hospital.*
- *Refurbishment of the Acute Psychiatric Unit at Roscommon County Hospital.*
- *Opening of Bredagh House in Galway.*
- *Purchase of new premises at Renmore, to relocate the services currently being provided at Halla Naomh Padraig in Galway City.*
- *Completion of the new Psychiatric Day Hospital in Ballinasloe.*
- *Purchase of a Community Mental Health Centre in Portumna.*
- *Near completion of a High Support Hostel in Castlebar.*
- *Comprehensive activation programmes for residents at St Mary's Hospital, Castlebar.*
- *Development of a sheltered work initiative at the Ballina Training Centre.*
- *Completion of the rehabilitation needs of the in-patient population at St Brigid's Hospital.*
- *The Board's Regional Committee on Suicide Prevention finalised its report "Suicide Prevention – A Shared Endeavour".*
- *Appointment of a Quality Co-ordinator in Roscommon to develop Accreditation for services, in the Castlerea area.*
- *Recruitment of a Resource Worker for Advocacy Worker in Mayo Mental Health.*
- *Recruitment of 3 Vocational Advisors (Rehabilitation).*
- *Ballina Training Centre received an award from Mayo County Council for the development and enhancement of the grounds of the Centre.*
- *Development of an Information Technology Initiative at Loughrea and Portumna Day Centres, which involves communicating with relatives and friends and helping to access employment.*
- *Continuation of the Psychiatric Nurse Training Programme with Galway/Mayo Institute of Technology and National University of Ireland, Galway.*

***New Training Centre, Castlebar, County Mayo***

***Ionad Traenála Nua, Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo***

- *Athlonnú othar le míchumas intleachtúil ó Ospidéal Naomh Bríde go háitribh pobail.*
- *Críochnú Aonad Géarthinnis in Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo.*
- *Athchóiriú ar an Aonad Géarthinneas Siciatrach in Ospidéal Chontae Ros Comáin.*
- *Osclaíodh Teach Bhríde i nGaillimh.*
- *Ceannaíodh foirgneamh nua sa Rinn Mhór, chun seirbhísí atá á soláthar faoi láthair i Halla Naomh Pádraig i gCathair na Gaillimhe a athlonnú.*
- *Críochnaíodh Ospidéal nua Siaciatrach Lae i mBéal Átha na Sluaighe.*
- *Ceannaíodh Ionad Mearbharshláinte Pobail i bPort Omna.*
- *Brú Ardchúraim beagnach críochnaithe i gCaisleán an Bharraigh.*
- *Cláracha gníomhaithe cuimsitheacha do othair in Ospidéal Naomh Muire, Caisleán an Bharraigh.*
- *Togra obair faoi dhídean curtha ar bun ag Ionad Oiliúna Bhéal an Átha.*
- *Críochnaíodh riachtanais athshlánaithe na n-othar istigh in Ospidéal Naomh Bríde.*
- *Chríochnaigh Coiste Réigiúnach an Bhoird a thuairisc ar an bhFéinmharú: "Suicide Prevention – A Shared Endeavour".*
- *Ceapadh Comhordnóir Fiuntais i Ros Comáin chun creidiúnú a fhorbairt do sheirbhísí Meabhairshláinte agus Daoine Scothaosta, ag tosu le ceantar an Chaisleáin Riabhaigh.*
- *Earcaíodh Oibrí Acmhainne don Abhcóideacht i Meabhairshláinte i Maigh Eo.*
- *Earcaíodh triúr Comhairleoir Gairme (Athshlánú).*
- *Ghnóthaigh Ionad Oiliúna Bhéal an Átha gradam ó Chomhairle Chontae Mhaigh Eo as tailte an Ionaid a fhorbairt agus a fheabhsú.*
- *Forbairt Thogra i dTeicneolaíocht na Faisnéise ag Ionaid Lae Bhaile Locha Riach agus Phort Omna, a dhéanann cumarsáid le gaolta agus le cairde agus a chabhraíonn chun fostaíocht a fháil.*
- *Leanadh ar aghaidh le Clár Oiliúna na nAltraí Siciatracha in Institiúid Teicneolaíochta Ghaillimh - Maigh Eo agus in Ollscoil na hÉireann Gaillimh.*

- *A Conference on Attention Deficit Hyperactivity Disorder was held to increase awareness of the needs of children.*
- *A Patient Advocacy Service was developed in the Mayo Mental Health Service and a number of user groups were established.*
- *A Conference on "Promoting Mental Health" in the context of Social, Personal & Health Education (SPHE) was held, in partnership with a number of agencies.*
- *Development Course in Advanced Psychiatric Nursing was held.*
- *Two community residences were acquired in Ballina by the Mental Health Association, on behalf of the Board.*
- *The National Suicide Review Group, in conjunction with the Board, undertook a training course for 15 volunteers who support those who are bereaved by suicide.*
- *Initiated Accreditation process for nine Training Centres.*

## *Occupational Therapy*

## *Teiripe Saothair*

- *Reachtáladh Comhdháil ar an Neamhord Róghníomhaíochta de bharr Easpa Airde chun eolas ar riachtanais leanaí a mhéadú.*
- *Forbraíodh Seirbhís Abhcóidíochta Othar i Seirbhís Mheabhairshláinte Mhaigh Eo agus bunaíodh roinnt grúpaí úsáideoirí.*
- *Eagraíodh Comhdháil maidir le "Cothú Meabhairshláinte" i gcomhthéacs Oideachais Shóisialta, Pearsanta agus Sláinte (SPHE) i gcomhar le háisíneachtaí éagsúla.*
- *Eagraíodh Cúrsa Forbartha san Ardaltranas Siciatrach.*
- *Fuair an Cumann Meabhairshláinte dhá áitreamh pobail i mBéal an Átha, ar son an Bhoird.*
- *Chuir an Grúpa Náisiúnta um Athbhreithniú ar Fhéinmharú, i gcomhar leis an mBord, cúrsaí ar bun do 15 oibrí deonach a thugann tacaíocht dóibh siúd atá ag mairgní de bharr féinmharú.*
- *Cuireadh tús le próiseas creidiúnaithe do naoi nIonad Oiliúna.*

# Our Services for Older People

# Ár Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta

**The Board's Strategy "Health & Wellbeing for Older People – A Strategy for 2001 – 2006" outlines a vision for services as well as key principles governing service delivery. The emphasis is on maintaining older people in their own homes for as long as possible.**

There is a requirement to plan services that are appropriate and responsive to need and available as near as possible to where older people live. Ongoing evaluation is emphasised in the delivery of services that are based on assessed need, responsive to individual requirements and evidence-based.

### Challenges in 2001

Financial implications of Ombudsman's report on Nursing Home subventions.

Difficulties in the recruitment of physiotherapists, occupational and speech therapists.

Population demographic factors, particularly increased longevity, have obvious demand implications for older people services.

Increased demand for beds in the Board's long-stay accommodation.

Increasing number of private nursing home beds and associated pressure on nursing home subvention budgets.

Increased demand for services due to a growing public awareness, especially in older people.

### Achievements in 2001

- *Adoption of a Strategy for Older Peoples Services, "Health & Wellbeing for Older People – A Strategy for 2001 – 2006".*
- *Launch of Guidelines for practice in Promotion of Health in Older People.*
- *Completion of a Hospice Suite at Ballina District Hospital.*

**Tugann an Straitéis "Sláinte agus Folláine do Dhaoine Scothaosta – Straitéis do 2001 – 2006" léargas ar fhís an Bhoird do na seirbhísí maraon leis na príomhphrionsabail a rialaíonn soláthar na seirbhísí. Cuirtear an bhéim ar dhaoine scothaosta a choinneáil ina dtithe féin chomh fada agus is féidir.**

Ní mór seirbhísí oiriúnacha a fhorbairt a fhreagróidh dá riachtanais agus a bheidh ar fáil chomh congarach do na háiteanna ina gcónaíonn na daoine scothaosta agus is féidir. Cuirtear an bhéim ar mheasúnú leanúnach i soláthar na seirbhísí atá bunaithe ar riachtanas measta, a fhreagraíonn do riachtanais an duine aonair, agus atá bunaithe ar an bhfianaise.

### Dúshláin i 2001

Impleachtaí airgeadais thuairisc an Ombudsman maidir le fordheontais do Thithe Altranais.

Deacrachtaí le fisiteiripeoirí, agus teiripeoirí saothair agus cainte a earcú.

Tá impleachtaí follasacha ag Cúinsí Daonra, go háirithe saol níos faide a bheith ag daoine, ar na seirbhísí do dhaoine scothaosta.

Éileamh breise ar leapacha i lóistín fhadtéarmach an Bhoird.

Cuireann an méadú ar líon na leapacha i dtithe altranais príobháideacha brú sa bhreis ar bhuiséid fordheontais do Thithe Altranais.

Tá an t-éileamh ar sheirbhísí ag ardú mar go bhfuil níos mó daoine, go háirithe daoine scothaosta, ar an eolas fúthu.

### Ar baineadh amach i 2001

- *Glacadh leis an Straitéis Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta "Sláinte agus Folláine do Dhaoine Scothaosta – Straitéis do 2001 – 2006".*
- *Seoladh na treoirlínte cleachtais maidir le Cothú na Sláinte i nDaoine Scothaosta.*
- *Críochnaíodh sraith seomraí oispíse in Ospidéal Ceantair Bhéal an Átha.*
- *Leanadh ar aghaidh le clár píolótach Pacáisti Cúraim do Dhaoine Scothaosta.*

- *Continuation of the pilot programme of Packages of Care for Older People.*
- *Implementation of specially funded "Winter Initiative Scheme".*
- *Increase in the level of respite care provided at our long-stay hospitals and homes.*
- *Development of Physiotherapy, Occupational Therapy and Speech & Language Therapy Teams based in Galway, Mayo and Roscommon Community Services providing services to older people in their own homes.*
- *The development of a stroke team and an intermediate care team in Roscommon to provide a high level of service and support to older people following discharge from acute care and those who require care in the community.*
- *Co-ordinators for the Carers Support Programme are now in post in Galway, Mayo and Roscommon and work commenced on the implementation of the Carers Support Programme.*
- *Appointment of a Pastoral Care Worker for Community Nursing Units in Mayo, on a pilot basis for one year.*
- *Appointment of a significant number of care staff to Services for Older People throughout the Region.*
- *Recruitment of a Regional Continence Advisor.*
- *Consultation took place with older people regarding their perception of service needs and a Regional Advisory Panel is to be established in both Mental Health and Older People Services.*
- *A Quality Co-ordinator has been appointed in Roscommon to develop Accreditation for Mental Health and Older People Services, in the Castlerea area initially.*
- *McBride Community Nursing Unit, Westport received the Hygiene Mark.*
- *Facilities were made available at the Plunkett Community Nursing Unit, Boyle to enable relatives to stay overnight in the event of a patient being seriously ill.*
- *Work commenced on developing a new Day Care Centre at the Sacred Heart Hospital, Roscommon.*
- *Refurbishment projects at the Sacred Heart Hospital, Castlebar, including the enhancement of the Physiotherapy Unit.*

- *Cuireadh Scéim Togra Geimhridh i bhfeidhm le maoiniú ar leith.*
- *Méadaíodh ar an leibhéal cúram faoisimh a sholáthraíonn ár nOspidéil agus ár n-árais fadchúraim.*
- *Forbairt ar Fhoirne Fhisiteiripe, Teiripe Saothair agus Teiripe Teanga atá bunaithe i Seirbhísí Pobail na Gaillimhe, Mhaigh Eo and Ros Comáin agus atá ag cur seirbhísí ar fáil do dhaoine scothaosta ina dtithe féin.*
- *Rinneadh foireann stróc agus foireann cúraim idirmheánach a fhorbairt i Ros Comáin chun leibhéal ard seirbhíse agus tacaíochta a sholáthar do dhaoine scothaosta arna scaoileadh amach dóibh as cúram géarthinnis agus dóibh siúd a bhfuil cúram de dhíth orthu sa phobal.*
- *Tá Comhordnóirí do Chlár Tacaíochta na gCúramóirí fostaithe anois i nGaillimh, Maigh Eo agus i Ros Comáin agus tosaíodh ar an obair chun an clár sin a chur i bhfeidhm.*
- *Ceapadh Oibrí Cúraim Tréadach i gContae Mhaigh Eo ar bhonn phíolótach go ceann bliana .*
- *Ceapadh líon suntasach de fhoireann chúraim sna Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta ar fud an Réigiúin.*
- *Rinneadh Comhairleoir Réigiúnach Neamhchoinneálachta a earcú.*
- *Chuathas i gcomhairle le daoine scothaosta maidir lena ndearcadh ar a gcuid riachtanas seirbhíse agus bunófar Painéal Comhairle Réigiúnach don Mheabhairshláinte agus do Dhaoine Scothaosta araon.*
- *Tá Comhordnóir Fiúntais ceaptha i Ros Comáin chun Aitheantas Creidiúna a fhorbairt do na Seirbhísí Meabhairshláinte agus do Dhaoine Scothaosta, ag tosú i gceantar an Chaisleán Riabhaigh.*
- *Ghnóthaigh Aonad Altranais Pobail Mac Giolla Bhríde, Cathair na Mart an Marc Sláinteachais.*
- *Cuireadh áiseanna ar fáil in Aonad Altranais Phobail an Phluincéadaigh, Mainistir na Búille ionas go mbeadh gaolta in ann fanacht thar oíche i gcás go mbeadh othar an-tinn.*
- *Cuireadh tús leis an obair fhorbartha ar an Aonad Cúram Lae in Áras an Chroí Rónaofa, Ros Comáin.*
- *Bhí tograí athchóirithe in Ospidéal an Chroí Rónaofa, Caisleán an Bharraigh, feabhsú ar an Aonad Fisiteiripe san áireamh.*

- *Extensive refurbishment at Arus Deirbhle Community Nursing Unit and the District Hospital, Belmullet to develop a community approach to the delivery of services for older people, providing long stay, acute short stay and step down facility.*
- *Management Development Course for Clinical Nurse Managers.*
- *Cancer Care Programme for non-specialist nurses.*
- *Promotion of continence and management of incontinence.*
- *Implementation of a Health Promotion Strategy for Older People.*
- *Ongoing planning of individualised care plans for older people in several Residential Units.*
- *Development of a 10 bed-nursing unit on Inis Mor in conjunction with the housing agency RESPOND and the Inis Mor Community Development Association.*

*The newly refurbished St Michael's Ward, Sacred Heart Hospital, Roscommon*

*Barda nuachóirithe Naomh Mícheál, Ospidéal an Chroí Rónaofa, Ros Comáin*

- *Rinneadh athchóiriú fairsing ag an Aonad Altranais Pobail in Áras Deirbhle agus san Ospidéal Ceantair, Béal an Mhuirthead chun cur chuige pobail a fhorbairt maidir le soláthar seirbhísí do dhaoine scothaosta, ag cur áiseanna fadchónaithe, gearrchónaithe géarthinnis, agus áis laghdaithe cúraim ar fáil.*
- *Reachtáladh Cúrsa i bhForbairt na Bainistíochta do Bhainisteoirí na nAltraí Cliniciúla.*
- *Clár Cúram Ailse do altraí nach speisialtóirí iad.*
- *Cothú na coinneálachta agus bainistiú na neamhchoinneálachta.*
- *Cuireadh Straitéis Chothuithe Sláinte ar bun do Dhaoine Scothaosta.*
- *Leanadh ar aghaidh le pleananna ar leith a ullmhú do chúram daoine scothaosta aonair i mórchuid de na hAonaid Chónaithe.*
- *Rinneadh aonad deich leaba altranais a fhorbairt ar Inis Mór i gcomhar leis an áisíneacht tithíochta RESPOND agus le Cumann Forbartha Pobail Inis Mór.*

# Our Hospital Services

# Ár Seirbhísí Oispidéil

**Acute Services is responsible for the Board's Acute Hospitals, the Primary Care Department and the Materials Management Unit. Our Acute Hospitals are University College Hospital Galway, Merlin Park Regional Hospital, Galway, Mayo General Hospital and Roscommon County Hospital. One of the main developments in this area in 2001 was the transfer of ownership of Portiuncula Hospital, Ballinasloe to the Western Health Board.**

During 2001, we treated 54,562 In-Patients, provided 28,867 Day Case Treatments and Outpatients Consultations for 146,869 people. 102,373 people attended our A&E Departments.

## Galway Regional Hospitals – University College Hospital Galway and Merlin Park Regional Hospital

Blocks 2A and 2B of the Phase II development in University College Hospital, Galway were completed, providing a new main entrance and foyer, restaurant, Medical Records Department, patient admissions area, Coronary Care Department, Angiography, Cardiac investigation area and a temporary Intensive Care Unit/High Dependency Unit.

These ongoing developments, while very welcome, have created a major challenge for hospital staff who had to continue to provide 'business as usual' while the building work took place. The developments present a further challenge in the need to secure the required resources to operate and maintain these new services.

**Achievements in 2001**

Development of our role as a Regional Referral Centre, which greatly enhances the extent of services in a number of specialities in terms of:

- *Establishment of a Diabetes Day Care Centre, bringing together the multidisciplinary team needed to provide a quality service in one location.*
- *Continued devolvement of an Oncology Regional Model, with satellite services in Mayo General Hospital and Portiuncula, which brings the service closer to the patient.*

*New X-Ray Screening Room, Roscommon County Hospital*

*Seomra scrúdúcháin X-ghathuithe nua in Ospidéal Chontae, Ros Comáin.*

**Tá Roinn na Seirbhísí Géarthinnis freagrach as bainistiú a dhéanamh ar Ospidéil Ghéarthinnis an Bhoird, an Roinn Bhunchúraim agus as an Aonad um Bainistiú Ábhar. Is iad Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh, Ospidéal Réigiúnach Pháirc Mhuirlinne i nGaillimh, Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo, agus Ospidéal Chontae Ros Comáin ár n-oispidéil ghéarthinnis. Bhí aistriú úinéireachta Oispidéil Portiuncula, Béal Átha na Slua chuig an mBord ar cheann de mhórfhorbairtí an réimse seo sa bhliain 2001.**

Le linn 2001, chuir muid cóir leighis ar 54,562 Othar Istigh, chuir muid 28,867 Cóireáil Cás Lae agus Comhairle Othar Seachtrach ar fáil do 146,869 duine. D'fhreastail 102,373 duine ar ár Rannóga Taismí agus Éigeandála.

## Ospidéil Réigiúnacha na Gaillimhe – Oispidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh agus Ospidéal Réigiúnach Pháirc Mhuirlinne

Críochnaíodh Bloic 2A agus 2B d'fhorbairt Chéim II in Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh, cuireadh príomhbhealach isteach agus forhalla nua ar fáil, bialann, Roinn Taifead Leighis, ceantar fáiltithe d'othair, Roinn Cúram Croí, Angagrafaíocht, agus Aonad sealadach Dianchúraim agus Ardchleithiúnais.

Cé gur mór an gar na forbairtí leanúnacha seo, ba mhór an dúshlán iad d'fhoireann an oispidéil a raibh orthu leanúint ar aghaidh ag obair 'mar ba ghnách' a fhad is a bhí an obair thógála ar siúl. Is dúshlán breise iad na forbairtí mar gur gá na hacmhainní atá riachtanach a chinntiú ionas gur féidir na seirbhísí nua seo a fheidhmiú agus a chothabháil.

**Ar baineadh amach i 2001**

Rinneadh ár bpáirt mar Ionad Atreorúcháin Réigiúnda a fhorbairt, agus chuir sé seo go mór le réimse na seirbhísí i speisialtachtaí maidir le:

- *Ionad Cúraim Lae don Diaibéiteas a chur ar bun, a thugann le chéile an fhoireann ildisciplíneach atá de dhíth chun seirbhís fiúntach a sholáthar ar aonláthair amháin.*
- *Déabhlóidiú leanúnach ar Mhúnla Réigiúnach Oinceolaíochta, le seirbhísí saitilíte in Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo agus sa Phortiuncula, a thugann an tseirbhís níos gaire don othar.*
- *Críochnú Aonad Scagdhealaithe Duán in Oispidéal Réigiúnach Pháirc Mhuirlinne, rud a bhfuil tionchar ollmhór aige ar chaighdeán saoil na n-othar.*

- *Completion of the Renal Dialysis Unit at Merlin Park Regional Hospital, which has a huge impact on the quality of patients' lives.*
- *Commencement of the Cardiac Rehabilitation Programme and development of patient-centred cancer services, with a dedicated ward for Haematology and Oncology patients at University College Hospital, Galway.*
- *Appointment of an Accident & Emergency Consultant, Professor of Medicine, Consultant Radiologist, Consultant Anaesthetist and Consultant Dermatologist.*
- *Appointment of an Orthodontics Specialist.*
- *Commissioning of a Magnetic Resonance Imaging (MRI) service and the Tele-Radiology link with Clifden Hospital, County Galway.*
- *Enhancement of Social Work service in Renal and General Medicine at Merlin Park Regional Hospital.*
- *Development of post basic higher diploma courses in Oncology, Peri-operative care and Accident & Emergency.*

## Mayo General Hospital

In-patient Admissions increased by 5% on the previous year and Day Cases rose by 41%. The numbers attending Out Patient Clinics increased by 15%.

**Achievements in 2001**

- *Successful completion of the Phase II development which will greatly enhance the range of services and quality of facilities available to our patients. The new development included an Education Centre, upgrading of wards and laboratory environments, new Day Care ward and Medical Assessment wards. The challenge now is to consolidate the new services that have been established.*

**Out-Patient Attendances 1997 to 2001 (excluding Portiuncula)**



- *Cuireadh tús leis an gClár Athshlánaithe Croí agus rinneadh forbairt ar sheirbhísí ailse atá otharlárnaithe, le barda ar leith do othair Haemaiteolaíocha agus Oinceolaíocha in* Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh.
- *Ceapadh Lia Comhairleach Taismí agus Éigeandála, Ollamh le Leigheas, Raideolaí Comhairleach, Ainéistéisí Comhairleach, agus Deirmeaiteolaí Comhairleach.*
- *Ceapadh Speisialtóir Ortadontach.*
- *Rinneadh ár seirbhís Íomháú Athshondais Mhaighnéadaigh agus ár nasc teilearaideolaíochta le hOspidéal an Chlocháin, Contae na Gaillimhe, a choimisiúnú.*
- *Feabhsaíodh an tseirbhís Obair Shóisialta sa Leigheas Ginearálta agus Duán ag Ospidéal Réigiunach Pháirc Mhuirlinne.*
- *Rinneadh cúrsaí dioplóma iarbhunúsacha a fhorbairt san Oinceolaíocht, i gCúram le linn Obráideanna agus i dTaismí agus Éigeandáil.*

## Oispidéal Ginearálta Mhaigh Eo

Tháinig ardú de 5% ar an mbliain roimhe sin ar líon na n-othar istigh, agus d'ardaigh cásanna lae de 41%. Mhéadaigh ar an líon a d'fhreastail ar ár gclinicí othar seachtrach de 15%.

**Ar cuireadh i gcrích i 2001**

- *D'éirigh linn Forbairt Chuid II a chur i gcrích go sásúil agus cuirfidh sé seo go mór leis an réimse seirbhísí agus le caighdeán na n-áiseanna a bheidh ar fáil dár n-othair. I measc na bhforbairtí nua tá Ionad Oideachais, uasghrádú ar bhardaí agus ar thimpeallacht na saotharlann, barda nua Cúram Lae, agus Bardaí Measúnaithe Leighis. Is é an dúshlán atá romhainn anois na seirbhísí nua atá bunaithe a dhaingniú.*

**Othair Sheachtracha 1997 go 2001 (seachas Portiuncula)**



- *Major recruitment drive for all grades of staff including Consultants, Nursing staff and Non-Consultant Hospital Doctors to provide the additional services. Mayo General Hospital has been very successful in the calibre of staff it has attracted down through the years. The new development at the hospital will present a further challenge in obtaining the right people for the right jobs.*
- *A Model for the development of Clinical Directorates was agreed.*
- *Establishment of a Foetal Monitoring Unit.*
- *Healthy Heart Rating for the Catering Department.*

## Roscommon County Hospital

A strategic alliance, which is being formed between Roscommon County Hospital and Portiuncula Hospital, will provide an integrated and efficient hospital service to the people of Roscommon and East Galway.

In 2001, inpatient targets were exceeded by 3% and outpatient targets by nearly 10% at Roscommon County Hospital.

**Achievements in 2001**

- *Full planning permission was granted for the new Accident & Emergency Department.*
- *A state of the art X-Ray Screening Room was installed.*
- *Planning was progressed for the refurbishment of St Coman's Ward and the provision of a Remote Hospital Stores.*
- *A second Consultant Anaesthetist post was filled.*
- *Approval was received for the replacement of a permanent Consultant Radiologist and an additional Consultant Radiologist post; shared with Portiuncula Hospital.*
- *Permanent appointments were made to the posts of General Manager and Finance Officer.*
- *A Medical Manpower Manager was appointed, with commitment to Mayo General Hospital and Roscommon County Hospital.*

- *Feachtas mór chun daoine a earcú i ngach grád foirne ina measc Lianna Comhairleacha, foireann Altrachta agus Dochtúirí Oispidéil neamh-chomhairleacha chun seirbhísí breise a sholáthar. D'éirigh go maith le hOspidéal Ginearálta Mhaigh Eo foireann den scoth a mhealladh chuige le blianta anuas. Cruthaíonn na forbairtí nua san ospidéal dúshláin nua maidir leis na daoine cearta a fháil do na postanna cearta.*
- *Aontaíodh Múnla Forbartha do na Stiúrthóireachtaí Cliniciúla.*
- *Cuireadh Aonad Monatóireachta Sutha ar bun.*
- *Ghnóthaigh an Roinn Lónadóireachta Grádú 'Croí Sláintiúil'.*

## Ospidéal Chontae Ros Comáin

Cuirfidh comhghuaillíocht straitéiseach, atá á chur le chéile idir Ospidéal Chontae Ros Comáin agus Ospidéal Phortiuncala, seirbhís comhtháite éifeachteach ar fáil do phobail Ros Comáin agus Oirthear na Gaillimhe.

Sáraíodh spriocanna othar istigh de 3% i 2001, agus sáraíodh spriocanna othar seachtrach de bheagnach 10% in Ospidéal Chontae Ros Comáin.

**Ar cuireadh i gcrích i 2001**

- *Deonaíodh cead iomlán pleanála don Roinn nua Taismí agus Éigeandála.*
- *Cuireadh isteach Seomra Scrúdaithe X-Ghathanna den dearadh is nua-aimseartha.*
- *Rinneadh dul chun cinn leis an bpleanáil chun Barda N Comáin a athchóiriú agus chun Cianstóras Ospidéil a sholáthar.*
- *Líonadh post don Dara Ainéistéisí Comhairleach.*
- *Fuarthas faomhadh ar ionadaí do Raideolaí Comhairleach buan a cheapadh, agus post breise do Raideolaí Comhairleach; atá á roinnt le hOspidéal Phortiuncula.*
- *Rinneadh buancheapacháin i bpostanna an Bhainisteora Ghinearálta agus an Oifigigh Airgeadais.*
- *Ceapadh Bainisteoir Daonchumhachta Leighis, a fhreastalóidh ar Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo agus ar Ospidéal Chontae Ros Comáin.*

### Accident & Emergency Attendances 1997 to 2001 (excluding Portiuncula)




## Portiuncula Hospital, Ballinasloe

While preparations for the transfer of ownership of Portiuncula Hospital, Ballinasloe have been ongoing for two years, the actual transfer was effected in November 2001.

One of the over-riding achievements at Portiuncula Hospital last year was the improved access to hospital services for our patients. Oncology, Orthopaedics and Genito-Urinary medicine have all been brought closer to where people live and work through outreach clinics at Portiuncula.

## Primary Care Department

The Primary Care Department is responsible for developing the General Practitioner and Community Pharmacy Services. The General Practitioners are the first port-of-call for the majority of patients accessing health services provided by the Board.

The Health Strategy 'Quality & Fairness' and the accompanying 'Primary Care – A New Direction' have established a new path for Primary Care as the central focus for the delivery of health and personal social services. The Primary Care Department will be actively involved in the implementation of these strategies which are very much in keeping with the Board's own policies in this area, as laid out in 'Tús Maith, a Strategy for Primary Care in the Western Health Board'.

*Nurse Eileen Finneran, Sr Caitriona Dorrity, Pastoral Care, FMDM, and Nurse Paula Murray, Portiuncula Hospital, Ballinasloe, County Galway.*

*An Bhanaltra Éibhlín Ní Fhinnthirn, An tSiúir Caitríona Ní Dhochartaigh, Cúram Tréadach, FMDM, agus an Bhanaltra Paula Ní Mhuirí, Ospidéal Phortiuncula, Béal Átha na Sluaighe, Contae na Gaillimhe.*

### Taismí agus Éigeandála 1997 go 2001 (seachas Portiuncula)




## Ospidéal Phortiuncula, Béal Átha na Sluaighe

Cé go raibh na hullmhúcháin chun úinéireacht Ospidéal Phortiuncula a aistriú ar siúl le dhá bhliain cuireadh an t-aistriú féin i gcrích i mí na Samhna 2001.

Ceann de na rudaí is mó a baineadh amach in Ospidéal Phortiuncula anuraidh ná gurbh fhusa go mór d'othair teacht ar sheirbhísí ospidéil. Tugadh oinceolaíocht, seirbhísí artaipéideacha, leigheas ginitiúil-fuail níos gaire d'áiteanna cónaithe agus oibre na ndaoine trí chlinicí for-rochtana a reachtáil ag Portiuncula.

## Roinn Bhunchúraim

Tá an Roinn Bhunchúraim freagrach as na Seirbhísí Dochtúra Teaghlaigh agus Cógaisíochta pobail a fhorbairt. Is leis na dochtúirí teaghlaigh is túisce a ndéanann formhór na n-othar teagmháil chun teacht ar na seirbhísí sláinte a chuireann an Bord ar fáil.

Bhunaigh an Straitéis Sláinte 'Fiúntas agus Cothroime' agus 'Bunchúram - Treo Nua' a ghabhann leis, slí nua don bhunchúram mar fhócas lárnach do sholáthar na seirbhísí sláinte agus na seirbhísí pearsanta sóisialta. Beidh páirt ghníomhach ag an Roinn Bhunchúraim i gcur i bhfeidhm na straitéisí seo a chloíonn go dílis le polasaithe an Bhoird sa réimse seo, mar a leagtar amach iad i 'Tús Maith, a Strategy for Primary Care in the Western Health Board'.

## In-Patient Activity 1997 to 2001 (excluding Portiuncula)




## In-Patient Statistics (All Hospitals excluding Portiuncula)

| Specialty | Patients Treated 2001 | Waiting List at 31/12/01 | Waiting List at 31/12/00 |
|---|---|---|---|
| Ear, Nose & Throat | 1,538 | 415 | 512 |
| Ophthalmology | 1,233 | 248 | 215 |
| Plastic Surgery | 1,738 | 590 | 493 |
| Urology | 1,445 | 109 | 235 |
| Vascular | — | 165 | 170 |
| Orthopaedics | 4,071 | 562 | 432 |
| General Surgery | 8,996 | 170 | 73 |
| General Medicine | 13,201 | — | — |
| Cardiology | 1,484 | — | — |
| Dermatology | 28 | — | — |
| Medical Oncology | 736 | — | — |
| Hematology | 763 | — | — |
| Neurology | 203 | — | — |
| Paediatrics | 5,790 | — | — |
| Obstetrics/Gynaecology | 8,262 | — | — |
| Repiratory | 1,430 | — | — |
| Nephrology | 1,287 | — | — |
| Rheumatology | 1,449 | — | — |
| Geriatric Medicine | 653 | — | — |

## Gníomhaíocht Othair Istigh 1997 go 2001 (seachas Portiuncula)




## Staidrimh na nOthar Istigh (Na hOspidéil go léir seachas Portiuncula)

| Speisialacht | Othair ar cuireadh cóir orthu, 2001 | Liosta feithimh mar a bhí 31/12/01 | Liosta feithimh mar a bhí 31/12/00 |
|---|---|---|---|
| Cluas, Srón, Scornach | 1,538 | 415 | 512 |
| Oftailmeolaíocht | 1,233 | 248 | 215 |
| Máinliacht Dreacha | 1,738 | 590 | 493 |
| Úiréolaíocht | 1,445 | 109 | 235 |
| Soithíoch | — | 165 | 170 |
| Ortaipéide | 4,071 | 562 | 432 |
| Máinliacht Ghinearálta | 8,996 | 170 | 73 |
| Míochaine Ghinearálta | 13,201 | — | — |
| Cairdeolaíocht | 1,484 | — | — |
| Deirmeolaíocht | 28 | — | — |
| Oinceolaíocht Mhíochaine | 736 | — | — |
| Haemaiteolaíocht | 763 | — | — |
| Néareolaíocht | 203 | — | — |
| Péidiatraic | 5,790 | — | — |
| Cnáimhseachas/Gínéiceolaíocht | 8,262 | — | — |
| Riospráid | 1,430 | — | — |
| Neafrólaíocht | 1,287 | — | — |
| Réamateolaíocht | 1,449 | — | — |
| Míochaine Seanliachta | 653 | — | — |

### Achievements in 2001

- *Significant progress in advancing the GP Out-of-Hours Co-operative in the Galway City area, including the appointment of a Project Manager.*
- *Evaluation of the Anti-Coagulation Project.*
- *Launch of the East Galway/West Midlands Pre-Hospital Emergency Care Project, which will improve the management of patients presenting which chest pain.*
- *Continued development of Health Centres throughout the Region in Kilconnell, Williamstown, Killala, Turloughmore and Elphin.*
- *Development of additional Women's Health/Family Planning Clinics. There were 87 GP Practices with women's health/family planning clinics in the Region at the end of 2001. This represents 110 GPs, as some of the practices involved are group practices.*
- *Development and expansion of General Medical Services GP and Pharmacy Contracts, Vaccination Contracts and Women's Health Contracts.*

### Acute Hospital Activity (All Hospitals excluding Portiuncula)

| Specialty | 2001 | 2000 | Actual Difference | % Difference |
|---|---|---|---|---|
| Inpatients | 54,562 | 51,940 | +2,622 | +5% |
| Day Case | 28,867 | 25,351 | +3,516 | +14% |
| Outpatient | 146,869 | 143,242 | +3,627 | +2.5% |
| Accident & Emergency Attendances | 102,373 | 102,091 | +282 | +.27% |
| Dialysis Treatments | 8,307 | 8,441 | -134 | -1.5% |

### Ar baineadh amach i 2001

- *Rinneadh dul chun cinn suntasach chun Comharchumainn Dochtúirí Teaghlaigh le seirbhísí de bhreis ar ghnáthuaireanta a spreagadh i gceantar Chathair na Gaillimhe, agus rinneadh Bainisteoir Tionscadal a cheapadh.*
- *Breithmheas ar an Tionscadal Frith-Théachta*
- *Seoladh Tionscadal Chúram Éigeandála Réamhospidéil Oirthear na Gaillimhe/Iarthar Lár Tire, a fheabhsóidh bainistiú othar a thagann i láthair le pianta san ucht.*
- *Forbairt leanúnach ar Ionaid Sláinte ar fud an Réigiúin ag Cill Chonaill, Baile Liam, Cill Ala, An Turlach Mór agus Ail Finn.*
- *Forbairt ar bhreis Chlinicí Sláinte Ban/Pleanáil Chlainne. Bhí 87 gcleachtas Dochtúir Teaghlaigh a raibh clinicí sláinte ban/pleanáil chlainne acu sa Réigiún faoi dheireadh 2001. Bhí 110 Dochtúir teaghlaigh páirteach, mar gur cleachtais grúpa cuid de na cleachtais atá rannpháirteach.*
- *Forbairt agus leathnú na gConarthaí Seirbhísí Cinearálta Dochtúirí Teaghlaigh agus Poitigéara, na gConarthaí Vacsaínithe agus Chonarthaí Sláinte Ban.*

### Gníomhaíocht na nOspidéal Géarthinnis (Gach ospidéal seachas Portiuncula)

| Speisialtacht | 2001 | 2000 | Difear iarbhír | % de dhifear |
|---|---|---|---|---|
| Othair istigh | 54,562 | 51,940 | +2,622 | +5% |
| Cásanna Lae | 28,867 | 25,351 | +3,516 | +14% |
| Othair amuigh | 146,869 | 143,242 | +3,627 | +2.5% |
| Taismí agus Éigeandala | 102,373 | 102,091 | +282 | +.27% |
| Cóireálacha Scagdhealaithe | 8,307 | 8,441 | -134 | -1.5% |

### Day Case Activity 1997 to 2001 (excluding Portiuncula)




## Materials Management Unit

The aim of the Materials Management Unit is to develop and monitor supply sources for all of the Western Health Board's facilities and services to achieve best value for money.

**Achievements in 2001**

- *The value of the throughput at the central contract office increased to £26 million in 2001 (annualised figure is approximately IR£14.6 million), showing that we have sought the best possible quality and price from suppliers around the country and, where appropriate, from suppliers within the European Union.*

14 of the Board's supplies staff have completed the Certified Public Buyers Program of the US National Institute of Government Purchasing.

## Orthodontics

Through a successful waiting list initiative, the numbers awaiting treatment were reduced from 2,214 in 2000 to 1,605 in 2001.

We were successful in recruiting a trained Specialist in Orthodontics in November 2001 and 2 Senior Clinical Dental Surgeons are undergoing sponsored higher level training and will complete their specialist training programme in June 2002. This will have very positive benefits in terms of increasing the service output of the Orthodontic Department.

### Gníomhaíocht Cásanna Lae 1997 go 2001 (seachas Portiuncula)




## Aonad Bainistiú Ábhar

Is í aidhm an Aonaid Bhainistiú Ábhar foinsí soláthair a fhorbairt do áiseanna agus do sheirbhísí uile Bhord Sláinte an Iarthair agus monatóireacht a dhéanamh orthu chun go mbainfí amach an luach is fearr ar airgead.

**Ar cuireadh i gcrích i 2001**

- *Mhéadaigh ar luach an tríchuir ag lároifig na gconarthaí go IR£26 milliún i 2001 (ionann is figiúr bliantúil de IR£14.6 milliún tuairim's), rud a léiríonn gur éiligh muid an fiúntas agus an luach ab fhearr a bhí ar fáil ó sholáthróirí ar fud na tíre, agus ó sholáthróirí laistigh den AE, nuair ba chuí sin.*

Tá Clár na gCeannaitheoirí Deimhnithe Poiblí de chuid 'National Institute of Government Purchasing' na Stát Aontaithe críochnaithe ag 14 d'fhoireann soláthar an Bhoird.

## An Ortadontaic

Mar thoradh ar thogra liosta feithimh laghdaíodh ar líon na ndaoine a bhí ag fanacht ar chóireáil ó 2,214 i 2000 go 1,605 i 2001.

D'éirigh linn Speisialtóir oilte san Ortadontaic a earcú i mí na Samhna 2001 agus tá beirt Fhiaclóir Chliniciúla Shinsearacha ag dul faoi oiliúint ard-leibhéil ar urraíocht agus críochnóidh siad a gcúrsa oiliúna speisialtóra i mí an Mheithimh 2002. Beidh tairbhe an-dearfach aige seo agus méadóidh sé ar sholáthar seirbhísí Rannóg na hOrtadontaice.

# Our Cancer Strategy
# Ár Straitéis Ailse

**The goal of the board continues to be the provision of a comprehensive array of cancer services, based on best practice and sound evidence, and their availability as locally as possible. The National Strategy has many recommendations, across the whole spectrum of healthcare, from health promotion and nutrition measures to highly specialised treatment modalities.**

The Regional Cancer Services Committee continues to oversee developments and to work with patients, the general public and service providers.

**Tá sé de sprioc i gcónaí ag an mbord réimse cuimsitheach de sheirbhísí ailse a sholáthar a bheadh bunaithe ar na cleachtaí is fearr agus ar an bhfianaise is údarásaí, agus iad a chur ar fáil ar bhealach chomh háitiúil agus is féidir. Is iomaí moladh atá sa Straitéis Náisiúnta, thar réimse iomlán an chúraim sláinte, ó chur chun cinn na sláinte agus beartais chothaithe go nósmhaireachtaí ardspeisialaithe cóireála.**

Leanann Coiste Réigiúnach na Seirbhísí Ailse leis ag stiúradh na bhforbairtí agus ag obair le hothair, leis an bpobal i gcoitinne, agus le soláthróirí na seirbhísí.

**Achievements in 2001**

- *Progress in tackling the Breast Clinic Waiting List at Galway Regional Hospitals, with twice the number of mammography sessions provided to ensure that patients are seen immediately following referral.*
- *Portiuncula Hospital realised the development of a Palliative Care Service, through a visiting Consultant in Palliative Medicine and the appointment of a Clinical Nurse Specialist. This was made possible through conjoint working with the Board and is now an integral part of our service.*
- *Medical Oncology has continued to develop with a further expansion of the satellite service in Mayo and East Galway. Additional appointments in the area of Pharmacy and Laboratory have been made and training of staff has progressed.*
- *Continued development of a Regional Breast Cancer Plan – with progress expected in its implementation during 2002.*

**Appointments in 2001**

- *A Palliative Care Co-ordinator with a regional remit.*
- *A Senior House Officer in Palliative Care at Galway Regional Hospitals.*
- *2 Clinical Nurse Specialists in Palliative Care at Mayo General Hospital.*
- *3 Registrars in Haematology, Oncology and Palliative Care at Galway Regional Hospitals.*
- *An additional Consultant Haematologist with a regional remit.*
- *A locum Consultant Urologist with an interest in Oncology at University College Hospital, Galway.*
- *4 Clinical Nurse Managers to Breast, Oncology and Palliative Care.*
- *2 additional Oncology Liaison Nurses.*
- *2 Oncology Nurse Specialists to the Oncology Day Ward at Portiuncula Hospital.*
- *2 additional Clinical Nurse Specialists in Stoma and Breast Care for Roscommon County Hospital and Portiuncula Hospital.*
- *A Senior Technician and Laboratory Aide at University College Hospital, Galway.*
- *2 Pharmacy Technicians at University College Hospital, Galway.*
- *A Radiographer at University College Hospital, Galway to provide for the development of the Minimally Invasive Breast Biopsy Service.*
- *Audit Officers at University College Hospital, Galway and Mayo General Hospital to ensure that the quality of care for cancer patients is maximised from the time of diagnosis to the completion of treatment.*



**Ar baineadh amach i 2001**

- *Rinneadh dul chun cinn maidir le dul i ngleic le Liosta Feithimh an Chlinic Brollaigh ag Ospidéil Réigiúnacha na Gaillimhe, trí líon na seisiún mamagrafaíochta a soláthraíodh a dhúbailt , chun a chinntiú go bhfeictear na hothair láithreach nuair a chuirtear iad faoinár mbráid.*
- *D'éirigh le hOspidéal Phortiuncula Seirbhís Cúraim Mhaolaitheach a fhorbairt trí Lia Comhairleach sa Leigheas Maolaitheach a fháil ar cuairt agus Speisialtóir san altracht clinice a cheapadh. B'fhéidir seo a dhéanamh i gcomhar leis an mBord agus is dlúthchuid dár seirbhís anois é.*
- *Leanann an Leigheas Oinceolaíoch ag forbairt le leathnú breise ar an tseirbhís saitilíte i Maigh Eo agus i nGaillimh Thoir. Tá ceapacháin bhreise déanta i réimse na Cógaisíochta agus na Saotharlainne agus tá oiliúint foirne ag dul chun cinn.*
- *Leanadh le forbairt an Phlean Réigiúnda don Ailse Brollaigh - agus táthar ag súil le dul chun cinn a dhéanamh lena chur i bhfeidhm le linn 2002.*

**Ceapacháin i 2001**

- *Comhordnóir Chúraim Mhaolaithe le cúram réigiúnach.*
- *Oifigigh Shinsireacha Sláinte i gCúram Maolaithe in Ospidéil Réigiúnacha na Gaillimhe.*
- *2 Speisialtóir san altracht chliniciúil sa Chúram Maolaithe in Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo.*
- *3 Cláraitheoir sa Haemaiteolaíocht, san Oinceolaíocht agus sa Chúram Maolaithe in Ospidéil Réigiúnacha na Gaillimhe.*
- *Haemaiteolaí Comhairleach breise le cúram réigiúnach.*
- *Úireolaí Comhairleach ionadaíoch le spéis san Oinceolaíocht in Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh.*
- *4 Bainisteoirí ar Altraí Cliniciúla sa Chúram Brollaigh, san Oinceolaíocht agus sa Chúram Maolaithe.*
- *2 Altra Caidrimh breise san Oinceolaíocht.*
- *2 Speisialtóir Altrachta san Oinceolaíocht don Bharda Oinceolaíochta Lae ag Ospidéal Phortiuncula.*
- *2 Speisialtóir breise altrachta Cliniciúla i gCúram Stóma agus Brollaigh d'ospidéal Chontae Ros Comáin agus d'Ospidéal Phortiuncula.*
- *Teicneoir Sinsearach agus Cúntóir Saotharlainne ag Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh.*
- *2 Theicneoir Cógaisíochta ag Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh.*
- *Raideolaí ag Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh chun Seirbhís Beoshamplú Íosionraitheach Brollaigh a fhorbairt.*
- *Oifigigh Iniúchta ag Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh agus ag Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo le fiúntas na haire do othair ailse a fheabhsú an oiread agus is féidir ó uair an fháthmheasa go críochnú na cóireála.*



# Our Cardiovascular Health Strategy

# Ár Straitéis Sláinte Cairdiach-Shoithíoch

**In 1999 Heart Disease and Stroke accounted for 41% of the total deaths in the Western Health Board Region and twice as many Irish people die prematurely of heart disease than the European Union average.**

The Report of the National Cardiovascular Health Strategy Group 'Building Healthier Hearts' contains many recommendations to improve cardiovascular health and the Western Health Board has established a Regional Task Force to oversee the implementation of this Report.

A Project Team dedicated to improving the Cardiovascular Health of the population of Galway, Mayo and Roscommon has been established.

**Sa bhliain 1999 bhí Galar Croí agus Stróc ina dtrúig bháis do 41% d'iomlán na ndaoine a d'éag i Réigiún Bhord Sláinte an Iarthair agus faigheann a dhá oiread daoine bás anabaí de bharr galar croí in Éirinn is a fhaigheann ar an meán san Aontas Eorpach.**

Tá mórán moltaí i dtuairisc an Ghrúpa Straitéise Náisiúnta Cairdiach-Shoithíoch, 'Building Healthier Hearts', chun an tsláinte chairdiach-shoithíoch a fheabhsú agus tá Tascfhórsa Réigiúnach bunaithe ag Bord Sláinte an Iarthair chun feidhmiú na tuairisce a stiúradh.

Tá foireann tionscadal curtha ar bun in Oifig Thionscadal Straitéise Sláinte Chairdiach-Shoithíoch Bhord Sláinte an Iarthair.

**Achievements in 2001:**

- *Establishment of the East Galway/West Midlands Emergency Care Project to ensure that patients with acute cardiac problems receive the best possible care.*
- *Development of Community Action in Response to Emergencies (CARE) which provides training for volunteers in basic resuscitation procedures.*
- *Provision of 4 additional Community Nutritionists to the Department of Community Nutrition & Dietetics. Up to 1,270 patients have been seen at Community Dietetic Clinics within the Region.*
- *Completion of a needs assessment to allow for the development of a Nutrition Resource for Primary Schools.*
- *Research project on 'Factors contributing to the dietary practises of families with children under five years in the Galway Community services area'.*
- *Continiuation of Personal Assistance in Choosing Excercise (PACE) programme for staff and the community: 529 Galway, 135 Mayo, 185 Roscommon and 800 WHB Staff.*
- *Provision of stress management and lifestyle courses as part of the Cardiac Rehabilitation service in UCHG and MGH.*
- *Development of Community Cookery Classes for disadvantaged groups.*
- *Research projects, including an audit of Chest Pain admissions to each of the Acute Hospitals and a study of levels of computerisation in General Practices.*
- *Publication of the 'Heart of the West' information booklet which was distributed to every household in the Region.*
- *Availability of Phases I and II Cardiac Rehabilitation in RCH and MGH with the additional Phase III in place in UCHG and Portiuncula Hospital, Ballinasloe. 348 people have participated in Cardiac Rehabilitation at RCH and 373 at UCHG.*

Of 60 Cardiovascular Health Strategy Western Health Board posts approved by the Department of Health & Children, 52 have been filled by the end of 2001, including:

- *Cardiac Rehabilitation Co-ordinators for the Acute Hospitals, ensuring that patients now have rehabilitation facilities following a cardiac event.*
- *2 Health Promotion Officers for UCHG and MGH.*
- *A Smoking Cessation Officer, Clinical Psychologist, Community Cardiac Liaison Officer and Social Worker for UCHG.*
- *4 Community Nutrititionists.*
- *A Cardiac Technician and Resuscitation Training Officer at RCH.*
- *A Dietician, Senior Cardiac Technician and Medical Registrar at MGH.*
- *Senior Physiotherapist and Resuscitation Training Officer at Portiuncula Hospital.*

***Training for Community Action in Response to Emergencies (CARE) Programme***

***Ag traenáil don Chlár 'Gníomhaíocht Pobail ag Freagairt d'Éigeandála,' (CARE)***

**Ar bhaineamar amach i 2001:**

- *Bunú Tionscadal Chúram Éigeandála Ghaillimh Thoir/Lár Tire Thiar le cinnntiú go bhfaigheadh othair le géarfhadhbanna chairdiacha an cúram is fearr is féidir.*
- *Forbairt Gníomhú Pobail mar Fhreagra ar Éigeandáil (CARE) a chuireann oiliúint ar fáil d'oibrithe deonacha i nósanna bunúsacha athbheochana.*
- *Cuireadh 4 Bhia-Eolaí Pobail breise ar fáil do Roinn an Chothaithe Pobail agus Bia-Eolaíochta. D'fhreastail tuairim is 1,270 othar ar Chlinicí Bia-Eolaíochta sa réigiún.*
- *Críochnaíodh measúnú riachtanais a chuir ar ár gcumas Acmhainn Chothaithe a fhorbairt do Bhunscoileanna.*
- *Tionscadal taighde ar 'Cúinsí a théann i bhfeidhm ar nósanna cothaithe teaghlaigh le leanaí faoi chúig bliana d'aois i gceantar Seitbhísí Pobail na Gaillimhe'.*
- *Leanadh ar aghaidh le Cúnamh Pearsanta chun Aclaíocht a Roghnú (PACE) agus ghlac 800 d'fhoireann BSI páirt ann i 2001. D'fhreastail 529 duine i nGaillimh ar chlár PACE, 135 i Maigh Eo agus 185 i Ros Comáin.*
- *Cuireadh cúrsaí ar fáil i mbainistiú strusa agus nósanna maireachtála mar chuid den tseirbhís Athshlánaithe Cairdiach in Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh (OCOG) agus in Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo (OGME).*
- *Rinneadh ranganna cócaireachta pobail a fhorbairt do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste.*
- *Tionscadail taighde, ina measc iniúchadh ar othair le pianta uchta a tháinig isteach chuig gach ceann de na hOspidéil Ghéarthinnis agus staidéar ar leibhéal úsáide na ríomhaireachta i gCleachtais Ghinearálta.*
- *Foilsíodh leabhrán eolais 'Heart of the West' a dáileadh ar gach líon tí sa Réigiún.*
- *Tá fáil ar Athshlánú Cairdiach Céim I agus Céim II in Ospidéal Chontae Ros Comáin (OCRC) agus in OGME agus tá an chéim breise Céim III curtha ar fáil in OCOG agus in Ospidéal Phortiuncula. Ghlac 348 duine páirt in Athshlánú Cairdiach ag OCRC agus 373 ag OCOG.*

As an 60 post a faomhadh ag an Roinn Sláinte agus Leanaí don Straitéis Sláinte Chairdiach-Shoithíoch, bhí 52 líonta faoi dheireadh 2001, ina measc:

- *Comhordnóirí Athshlánaithe Chairdiach do na hOspidéil Ghéarthinnis, rud a chinntíonn go bhfuil áiseanna athshlánaithe ag othair anois tar éis eachtra chairdiaigh.*
- *2 Oifigeach Cothaithe Sláinte do OCOG agus OGME.*
- *Oifigeach Staonta Tobac, Síceolaí Cliniciúil, Oifigeach Caidrimh Pobail Cairdiach, agus Oibrí Sóisialta do OCOG.*
- *4 Bia-Eolaí Pobail.*
- *Teicneoir Cairdiach agus Oifigeach Oiliúna san Athbheochan ag OCRC.*
- *Bia-Eolaí, Teicneoir Sinsearach Cairdiach agus Cláraitheoir Leighis ag OGME.*
- *Fisiteiripeoir Sinsireach agus Oifigeach Oiliúna san Athbheochan ag Ospidéal Phortiuncula.*

# Corporate & Public Affairs

# Gnótha Corporáideacha & Poiblí



**The Office has responsibility for Corporate & Public Affairs, Health Promotion and the Ambulance Service. The Department's growing role in public affairs, ongoing health promotion initiatives and development of the Ambulance Service has had an extremely constructive and beneficial impact on the quality of services we are delivering to patients**

**Achievements in 2001**

- *Organised a consultation process and information roll-out for the new National Health Strategy, 'Quality & Fairness – A Health System for You', involving 35 workshops for consultation and 120 workshops for the roll-out process.*
- *Continued liaison with the Office of the Ombudsman and implemented a new database to record complaints referred by the Ombudsman.*
- *Participated in advanced training in Freedom of Information to improve the quality of replies to Freedom of Information appeal requests.*
- *Started development of a Complaint/Feedback System for the Board.*
- *Launched a Service Planning Pilot Initiative to encourage all staff to become more involved in Service Planning and devised a consultative process for nurses/midwives and staff on service planning.*
- *Prepared an information leaflet on key points from the Men's Health Strategy.*
- *Published five issues of the staff newsletter 'Frankly Speaking'.*
- *Continued implementation of 'Promoting Health in the West' through the Health Promotion Management Group.*
- *Liaised with local and regional government through participation on the Border, Midlands & Western Regional Assembly and Galway City Development Board.*
- *Prepared and circulated the Board's first Pocket Diary for 2002, which includes health promotion tips, information on the Board's services, public bodies and voluntary organisations.*

**Tá an Oifig freagrach as Gnóthaí Corparáideacha agus Poiblí, as Cur chun Cinn na Sláinte agus as Seirbhís na nOtharcharranna. Bhí tionchar forásach tairbheach ag ról méadaithe na Roinne i gcúrsaí poiblí, i dtograí leanúnacha chur chun cinn na sláinte agus i bhforbairt Sheirbhís na nOtharcharranna, ar fhiúntas na seirbhísí atá á soláthar againn do na hothair.**

**Ar baineadh amach i 2001**

- *Eagraíodh próiseas comhairleach agus faisnéise don Straitéis Náisiúnta Sláinte nua, "Fiúntas agus Cothroime — Córas Sláinte Duitse", ina raibh 35 ceardlann chomhairleach agus 120 ceardlann chun an straitéis a sheoladh.*
- *Caidreamh leanúnach le hOifig an Ombudsman agus cur i bhfeidhm bhunachar nua sonraí chun gearáin a dtagraíonn an tOmbudsman dóibh a thaifeadadh.*
- *Ghlac páirt in ardoiliúint i Saoráil Faisnéise chun fiúntas na bhfreagraí ar iarratais achomharc Saoráil Faisnéise a fheabhsú.*
- *Thosaigh ar chóras gearáin/aiseolais a fhorbairt don Bhord.*
- *Seoladh Togra Píolótach Pleanála Seirbhísí chun an fhoireann go léir a spreagadh chun páirt níos mó a ghlacadh i bPleanáil Seirbhísí agus cuireadh próiseas comhairleach le chéile do altraí/cnáimhseacha maidir le pleanáil seirbhísí.*
- *Ullmhaíodh bileog eolais faoi phríomh-phointí as Straitéis Sláinte na bhFear.*
- *Foilsíodh cúig eagrán de nuachtlitir na foirne, 'Frankly Speaking'.*
- *Leanadh ar aghaidh le cur i bhfeidhm "Cothú na Sláinte san Iarthar" trí Ghrúpa Bainistíochta Chothú na Sláinte.*
- *Bhíomar i gcaidreamh le rialtas áitiúil agus réigiúnach trí pháirt a ghlacadh ar Chomhthionól Réigiúnach na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair agus i mBord Forbartha Chathair na Gaillimhe.*
- *Ullmhaíodh agus eisíodh céad dhialann póca an Bhoird do 2002, ina bhfuil noda ar chothú na sláinte, eolas faoi sheirbhísí an Bhoird, faoi chomhlachtaí poiblí agus faoi eagraíochtaí deonacha.*
- *Bhíomar i dteangmháil le Institiúid Teicneolaíochta Ghaillimh-Maigh Eo chun Scoil Otharchairr a bhunú agus le hOllscoil na hÉireann Gaillimh chun Máistreacht i Riaradh Gnó i mBainistiú Chúram Sláinte a bhunú, mar aon le cúrsaí sa teiripe.*

- *Liaised with Galway/Mayo Institute of Technology in establishing an Ambulance School and with National University of Ireland, Galway in its bid to set up an MBA in Healthcare Management and Therapy Courses.*
- *Awarded the Board's first central contract for hired transport, which involved establishing a group to represent service requirements, advertising the contract in EU journals and ensuring adequate service provision in the Region.*
- *Continued development of a Corporate Strategy for the Board.*
- *Co-ordinated the production of the Board's Operational & Service Plan, which identifies what the Board is going to do in terms of services in any given year.*
- *Prepared the Board's Annual Report.*
- *Participated on RoundTable Committee and sub-committees – the Department has been centrally involved in RoundTable since its inception.*
- *Adopted a Risk Management framework, following a national agreement to change the way Health Boards are insured from separate clinical and organisational systems to an integrated scheme called Enterprise Liability.*
- *Formed the Corporate Emergency Response Group, which oversees response capabilities, Public Health Outbreak Protocols, Helplines and Counselling Services. Events such as September IIth and Foot & Mouth outbreak had a major effect on the organisation and brought a major focus on our contingency and emergency planning.*
- *Started a Critical Incident Stress Management Group, which has audited activity, and developed a framework for a corporate approach to stress management.*
- *Participated in a major Corporate Recruitment Drive for 2001 – up to 700 extra staff have been recruited to the Board.*

## Ambulance Services

- *Ambulance mileage increased by almost 15%, mainly in the area of patient transfers between medical facilities.*
- *General ambulance calls increased by 26%.*
- *The number of patients carried by Western Health Board ambulances increased by 16.5%.*

*New Western Health Board Emergency Medical Technicians*

*Teicneoirí Leighis Éigeandála nua Bhord Sláinte an Iarthair*

- *Bronnadh an chéad chonradh lárnach chun feithiclí iompair a fhostú ar iasacht, tar éis dúinn grúpa a chur ar bun chun riachtanais na seirbhísí a chur i láthair, an conradh a fhógairt in irisí AE agus a chinntiú go raibh soláthar sásúil seirbhísí ar fáil sa Réigiún.*
- *Forbairt leanúnach ar Straitéis Chorparáideach don Bhord.*
- *Rinneadh comhordú ar Phlean Oibríochta agus Seirbhísí an Bhoird, a léiríonn a bhfuil le déanamh ag an mBord maidir le seirbhísí in aon bhiain ar leith.*
- *Ullmhaíodh Tuairisc Bhliantúil an Bhoird.*
- *Bhíomar páirteach i gCoiste an Bhoird Chruinn agus a fhochoistí. Bhí baint lárnach ag an Roinn leis an mBord Cruinn ó cuireadh ar bun é.*
- *Glacadh le gréasán Bainistiú Priacail, ó aontaíodh go náisiúnta go n-athrófaí an tslí a gcuirtear árachas ar Bhoird Sláinte ó chórais éagsúla cliniciúla agus eagraíochta go mór-chóras comhtháite ar a dtugtar Dliteanas Fiontair.*
- *Bunaíodh an Grúpa Corparáideach um Fhreagairt ar Éigeandáil, atá i mbun stiúrtha ar ár gcumas freagartha, ar na Comhghnásanna le haghaidh Ráigeanna Sláinte Poiblí, ar Línte Cabhrach agus ar na Seirbhísí Comhairlithe. Ba mhór an tionchar a bhí ag imeachtaí an Ilú Meán Fómhair agus an ráig Chrúb agus Béil ar an eagraíocht agus dhírigh sé muid go mór ar phleanáil d'éigeandálaí agus do theagmhais.*
- *Cuireadh tús le Grúpa Bainistithe Strusa d'Eachtraí Cliniciúla, a dhéanann iniúchadh ar ghníomhaíochtaí, agus a d'fhorbair gréasán don chur chuige corparáideach le haghaidh bainistiú strusa.*
- *Glacadh páirt i Mórfheachtas Earcaíochta i 2001 agus rinneadh suas le 700 a earcú don Bhord dá bharr.*

## Seirbhísí Otharchairr

- *Mhéadaigh ar mhíleáiste na n-otharcharranna de 15% beagnach, an chuid is mó de in aistriú othar idir áiseanna leighis.*
- *Mhéadaigh ar líon na nglaonna ginearálta otharchairr de 26%.*
- *Tháinig méadú de 16.5% ar líon na n-othar a iompraíodh in otharcharranna Bhord Sláinte an Iarthair.*

### Ar baineadh amach in 2001

- *Cuireadh isteach crua-earraí agus bogearraí le haghaidh CAMPWest agus bhí plé leanúnach ann le ceardchumainn na foirne maidir lena gcur i bhfeidhm.*
- *Fuarthas 4 fheithicil nua.*
- *Tugadh amach conarthaí lárnacha maidir le Fostú Carranna.*
- *Oileadh 21 duine ar chúrsaí Iontrálaithe nua do Theicneoirí Éigeandála Leighis.*
- *Oileadh beirt ar chúrsa Athghrádaithe Teicneoir Éigeandála Leighis.*

**Achievements in 2001**

- *Hardware and software were installed for CAMPWest and ongoing discussions took place with staff unions in relation to implementation.*
- *4 new vehicles were received.*
- *Central contracts were awarded in the area of Car Hire.*
- *21 people were trained on New Entrant Emergency Medical Technician training courses.*
- *2 people were trained on an Emergency Medical Technician Conversion course.*
- *A new Chief Ambulance Officer took up appointment.*
- *Staff were recruited and are in training to establish 24-hour cover in Loughrea, Ballina and Boyle.*
- *An Anatomy & Physiology course and a Certificate Course in Professional Competence in Road Transport Management were completed in partnership with Galway/Mayo Institute of Technology.*
- *A Project Officer was appointed to develop Emergency Medical Technician training programmes.*
- *Work continued on the development of Emergency Medical Technician syllabus and application for Pre-Hospital Emergency Care Council recognition.*
- *A Training Scheme of Emergency Medical First Responders was implemented on Achill Island.*
- *A new shift system was installed in Galway to cater for Merlin Park Regional Hospital's transfer needs.*
- *A programme to fit loading ramps on ambulances commenced to address health & safety needs within the service.*
- *A review of Major Accident Planning got underway and a new Corporate Emergency Response Group was formed.*
- *A Decontamination Unit was purchased to deal with chemical and associated incidents.*
- *A new range of Major Incident Trailers was introduced to help us have a more flexible response to major incidents.*
- *A new uniform for the Ambulance Service was launched.*

### Ambulance Activity

| | 2001 | 2000 |
|---|---|---|
| Mileage | 1,163,945 | 1,061,952 |
| No. Patients transported | 43,203 | 36,533 |
| Emergency Calls | 11,577 | 9,648 |
| General Ambulance Calls | 37,500 | 24,770 |

- *Chuaigh Príomhoifigeach Otharcharr nua i mbun a churaimí.*
- *Rinneadh foireann a earcú chun cumhdach 24 uair a sholáthar i mBaile Locha Riach, i mBéal an Átha agus i Mainistir na Buaile, agus táthar á n-oiliúint faoi láthair.*
- *Críochnaíodh cúrsa Anatamaíochta agus Fiseolaíochta agus Cúrsa Teastais in Inniúlacht Ghairmiúil i mBainistiú Iompar Bóthair i bpáirtíocht le hInstitiúid Teicneolaíochta Ghaillimh/Mhaigh Eo*
- *Ceapadh Bainisteoir Tionscadail chun cláracha oiliúna Teicneoir Éigeandála Leighis a fhorbairt.*
- *Leanadh leis an obair chun siollabas Teicneoir Éigeandála Leighis a fhorbairt agus ar an iarratas chun aitheantas Chomhairle Cúraim Éigeandála Réamhospidéil a fháil.*
- *Cuireadh Scéim Oiliúna do Chéadfhreagróirí Leigheas Éigeandála i bhfeidhm ar Oileán Acla.*
- *Bunaíodh scéim nua obair shealaíochta i nGaillimh chun freastal ar riachtanais aistrithe Ospidéal Réigiúnach Pháirc Mhuirlinne.*
- *Cuireadh tús le clár chun rampanna luchtaithe a chur ar otharcharranna chun freastal ar riachtanais sláinte agus sábháilteachta laistigh den tseirbhís.*
- *Cuireadh tús le hathbhreithniú ar Phleanáil do Mhórthimpistí agus cuireadh Grúpa Freagartha Éigeandála Corparáideach ar bun.*
- *Ceannaíodh Aonad Díthruaillithe chun déileáil le heachtraí le ceimicí agus le heachtraí gaolmhara.*
- *Tugadh isteach Leantóirí nua le haghaidh Móreachtraí ionas go mbeadh freagra níos solúbtha againn dóibh.*
- *Seoladh éide nua do Sheirbhís na nOtharcharranna.*

### Gníomhaíochtaí na nOtharcharranna

| | 2001 | 2000 |
|---|---|---|
| Míleáiste | 1,163,945 | 1,061,952 |
| Othair a iompraíodh | 43,203 | 36,533 |
| Glaonna Éigeandála | 11,577 | 9,648 |
| Glaonna Ginearálta | 37,500 | 24,770 |

## Health Promotion Department

Health Promotion is a complex discipline that involves an integrated approach to topics, settings, groups and overall population health. The Health Promotion Department has a role in capacity building, providing a variety of core services and implementing new initiatives in partnership with others.

The Department expanded significantly in 2001 with our staff compliment increasing from eight to twenty. Health Promotion Departments in Galway and Roscommon relocated to new premises.

***Settings*** - The Settings approach focuses on the whole setting e.g. home, schools, workplaces, hospitals or community. In this approach, individuals are not treated in isolation from the larger social units in which they live, work and play.

***Health Links*** - Four issues were published containing articles from a variety of interest groups and 130,000 copies of each publication were distributed regionally.

***Community Education Courses*** - A variety of courses on assertiveness, stress management and back-pain were completed, in conjunction with a number of different community groups in Tuam, Boyle, Ballina and Castlebar.

***Schools*** - Social Personal Health Education (SPHE) support team for the Western Health Board Region was established. Further support for SPHE and the Health Promoting School was provided in the form of school visits, in-service training for principals, co-ordinators, teachers and whole staff training days. A successful conference was also held – "Promoting Mental Health in the context of SPHE".

***Third Level Colleges*** - A health promotion programme for students and staff in Third Level Colleges was initiated, with a view to establishing Health Promoting Colleges in three years.

**GROUPS**

The Population approach addresses the concerns of a particular population e.g. homeless, smokers, older people and teenagers.

***Travellers*** - We are continually facilitating 'Traveller Friendly Workshops' with Health Board staff in key areas to increase their awareness when working with Travellers. A sub-group, facilitated by the Health Promotion Department, has been set up to look at the training resources for those with low literacy levels.

***Drivers*** - 10,000 Air Fresheners, carrying the WHB logo, were produced and disseminated to promote smoke-free driving.

***Initiatives for Health Board Staff*** - A three month smoking cessation programme called 'You quit, we pay' was run targeting WHB staff. There were 60 participants on the programme who were given free Nicotine Replacement Therapy, along with support from Health Promotion Staff.

*Evelyn Fanning, Lisa McGeehan and Jackie Jones, Health Promotion Department with Brendan Carroll, Connacht Tribune, at the relaunch of "Health Links - Promoting Health in the West"*

*Evelyn Fanning, Lisa McGeehan agus Jackie Jones, Rannóg Spreagtha na Sláinte, le Breandán Ó Cearúill, Connacht Tribune, le linn athsheoladh "Naisc Sláinte - An tSláinte á cur chun cinn san Iarthar"*

## Roinn Chothaithe Na Sláinte

Is casta an disciplín é Cothú na Sláinte agus ní mór cur chuige comhtháite a bheith ann chun plé leis na ceisteanna, na suíomhanna, na grúpaí agus le sláinte ghinearálta an daonra. Tá ról ag Roinn Chothaithe na Sláinte i dtógáil acmhainneachta, i soláthar na gcroí-sheirbhísí éagsúla agus i gcur i bhfeidhm na dtograí nua i bpáirt le daoine eile.

Leathnaíodh an Roinn go mór i 2001 agus mhéadaigh ar an fhoireann ó ochtar go fiche duine. Rinneadh na Ranna Cothaithe Sláinte i nGaillimh agus i Ros Comáin a athlonnú go foirngnimh nua.

***Suíomhanna*** - Díríonn cur chuige na Suíomhanna ar an suíomh iomlán, m.sh. an baile, scoileanna, láithreacha oibre, ospidéil nó an pobal. Sa chur chuige seo ní dhéantar cóireáil ar dhaoine gan aird níos mó ar na haonaid shóisialta ina maireann siad, ina n-oibríonn siad nó ina mbíonn siad ag súgradh.

***Naisc Shláinte*** - Foilsíodh ceithre eagrán ina raibh altanna ó ghrúpaí sainspéise éagsúla agus dáileadh 130,000 cóip de gach eagrán ar fud an réigiúin.

***Cúrsaí Oideachais don Phobal*** - Cuireadh cúrsaí éagsúla i gcrích sa bhféindearbhú, i mbainistíocht strusa agus sa phian droma, i gcomhar le grúpaí difriúla pobail i dTuaim, i Mainistir na Búille, i mBéal an Átha agus i gCaisleán an Bharraigh.

***Scoileanna*** - bunaíodh foireann tacaíochta don Oideachas Sóisialta i Sláinte Phearsanta (SPHE) do réigiún Bhord Sláinte an Iarthair. Bhí tacaíocht bhreise don SPHE ar fáil i bhfoirm chuairteanna ar scoileanna, oiliúint in-seirbhíse do phríomhoidí, do chomhordnóirí, do mhúinteoirí , agus laethanta oiliúna don fhoireann scoile iomlán. D'éirigh go maith le comhdháil – "Cothú na Meabhairshláinte i gcomhthéacs SPHE".

***Coláistí tríú leibhéil*** - Cuireadh tús le clár cothaithe sláinte d'fhoirne agus do mhic léinn sna coláistí tríú leibhéil, le hintinn Coláistí a Chothódh an tSláinte a chur ar bun i gceann trí bliana.

**GRÚPAÍ**

Díríonn an cur chuige Daonra ar ábhair bhuartha dhaonra ar leith, m.sh. daoine gan dídean, lucht caite tobac, daoine scothaosta, agus déagóirí.

***An Lucht Siúil*** - Táimid ag cabhrú i gcónaí le 'Ceardlanna báúla don Lucht Siúil' le foireann an Bhoird Sláinte i gceantracha tábhachtacha chun a dtuiscint a fheabhsú agus iad ag obair leis an Lucht Siúil. Cuireadh foghrúpa ar bun chun féachaint ar acmhainní oiliúna dóibh siúd a bhfuil leibhéil ísle litearthachta acu, le cabhair ó Roinn Cothaithe na Sláinte.

***Tiománaithe*** - táirgíodh 10,000 Aerchumhróirí, le lógó BSI, agus dáileadh iad chun tiomáint saor ó thoit a spreagadh.

***Tograí d'Fhoireann an Bhord Sláinte*** - 'Éirigh as – Íocfaidh muid' clár trí mhí chun caitheamh tobac a stopadh a bhí dírithe ar fhoireann an BSI. Ghlac 60 duine páirt sa chlár agus tugadh teiripe athsholáthar nicitín dóibh saor in aisce, chomh maith le cúnamh ó Fhoireann Chothaithe na Sláinte.

## TOPICS

The Topics approach focuses on issues such as smoking, drugs or alcohol.

***Personal Assistance in Choosing Exercise (PACE)*** - A one-to-one consultation encouraging people to become more physically active was successfully run for the first time in 2000. Following its effectiveness as a proven method to help increase people's physical activity levels, it was offered in 2001 not only to the public but also to WHB staff. Over 820 members of the public and staff availed of the service.

## TRAINING

***Brief Intervention Training*** - Three courses were organised in the Region.

***Radio Training*** - Two courses were organised.

***Group Skills*** - Three courses were organised.

## RESEARCH

***Partnership*** - 'Working Horizontally in a Vertical World' - A discussion paper on partnerships for promoting health in the WHB context.

***Mental Health Promotion*** - 'Promoting Mental Health in the West - A survey of Mental Health in the Western Health Board' was published.

***Evaluation of Health Promotion Community Education Courses (Galway)*** - Published in November 2001.

## PARTNERSHIPS

Health Promotion is represented on over 40 Groups at National, Regional and Local level. Some successes on these Groups are as follows:

***Older People*** - Guidelines for Practice in Promoting the Health of Older People were produced.

***Violence*** - Conference held in September with 140 people attending.

***Suicide*** - A regional plan was produced in 2001 – "A Shared Endeavour".

***Accidents*** - Worked in conjunction with the Local Authorities for Fire Safety Week and also in conjunction with the Gardai regarding Road Safety.

***Health Promotion*** - "Promoting Health in the West" Strategy Implementation 2001.

Over 100 health promotion initiatives have been undertaken across a wide range of services in 2001. These initiatives include lifestyle programmes, mental health promotion, education & training and improvement in communication. Examples of these include an extensive Mental Health Report, appointment of a Pastoral Care Worker for Community Nursing Units in Mayo, an Older Persons Conference and a Schools Conference. Overall the profile of health promotion has increased significantly throughout the Board.

*"Promoting the Health of Older People in the West" Conference for Western Health Board Staff*

*Cothú na Sláinte i nDaoine Scothaosta san Iarthar Comhdháil le haghaidh Foireann Bhord Sláinte an Iarthair*

## CEISTEANNA

Díríonn cur chuige na gCeisteanna ar cheisteanna ar nós caitheamh tobac, drugaí agus alcól.

***Cabhair Phearsanta chun Cleachtadh Coirp a Roghnú (PACE)*** - Seisiúin chomhairleacha duine-le-duine a speagann daoine chun a bheith níos gníomhaí go fisiciúil; ritheadh iad seo den chéad uair i 2000 agus d'éirigh go maith leo. Mar gur éirigh go héifeachtach leis an módh seo chun leibhéil gníomhaíochta fisiciúil daoine a fheabhsú, cuireadh ar fáil é d'fhoireann BSI chomh maith leis an ngnáthphobal i 2001. Bhain níos mó ná 820 ball den phobal agus den bhfoireann leas as an tseirbhís.

## OILIÚINT

***Oiliúint Ghearr-eadráine*** - Eagraíodh trí chúrsa sa Réigiún.

***Oiliúint Raidió*** - Eagraíodh dhá chúrsa.

***Scileanna Grúpa*** - Eagraíodh trí chúrsa.

## TAIGHDE

***Comhpháirtíocht*** - 'Working Horizontally in a Vertical World' - Plépháipéar ar chomhpháirtíochtaí chun an tsláinte a chur chun cinn i gcomhthéacs BSI.

***Cothú Meabhairshláinte*** - Foilsíodh 'Cothú Sláinte Meabhrach san Iarthar -- Suirbhé ar an Meabhairshláinte i mBord Sláinte an Iarthair'.

***Measúnú ar Chúrsaí Oideachais Pobail i gCothú na Sláinte (Gaillimh)*** a foilsíodh i mí na Samhna 2001.

## COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ

Tá ionadaíocht ag Cothú na Sláinte ar níos mó ná 40 Grúpa ag na leibhéil Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil. Seo a leanas roinnt gníomhaíochtaí ar éirigh leo ar na Grúpaí seo:

***Daoine Scothaosta*** - eisíodh Treoirlínte Cleachtais maidir le Cothú na Sláinte do Dhaoine Scothaosta.

***Foréigean*** - D'fhreastail 140 ar chomhdháil a tionóladh i Meán Fómhair.

***Féinmharú*** - Eisíodh plean réigiúnach i 2001 – "Iarracht i gComhar".

***Timpistí*** - Bhíothas ag obair i gcomhar leis na hÚdaráis Áitiúla le linn Seachtain na Sábháilteachta Tine agus leis na Gardaí maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre.

***Cothú Sláinte*** - Cur i bhfeidhm Straitéis 2001: 'Cothú na Sláinte san Iarthar'.

Tugadh faoi níos mó ná 100 togra cothaithe sláinte thar réimse leathan de sheirbhísí i 2001. Ina measc bhí cláracha nósmhaireachtaí maireachtála, cothú meabhairshláinte, oideachas agus oiliúint agus feabhsú cumarsáide. Is samplaí díobh seo Tuairisc chuimsitheach faoin Mheabhairshláinte, ceapacháin Oibrí Cúraim Tréadach do na hAonaid Altranais Phobail i Maigh Eo, Comhdháil do Dhaoine Scothaosta agus Comhdháil do Scoileanna. Ar an iomlán, tháinig méadú suntasach ar phróifíl Chothú na Sláinte ar fud an Bhoird.



# Public Health
# Sláinte Poiblí

The Public Health Department has a central role in improving the health of the population of the Western Health Board by developing surveillance systems, identifying health care needs and working with planners to meet those needs. The Department provides direct resources for frontline staff in the fields of Infectious Disease, Cardiovascular Health, Cancer and Child Health.

Tá ról lárnach ag an Roinn Sláinte Poiblí i bhfeabhsú sláinte an daonra i réigiún Bhord Sláinte an Iarthair trí chórais faire a fhorbairt, riachtanais chúram sláinte a aithint agus oibriú leis na pleanálaithe chun freastal ar na riachtanais sin. Cuireann an Roinn acmhainní ar fáil go díreach don bhfoireann atá ag plé go díreach le Galair Thógálacha, le sláinte chairdiach-shoithíoch, le hAilse agus le Sláinte Leanbh.

The Department's research function allows us to evaluate front line services and to participate in changes, which will be of direct benefit to the consumer. Ways in which these have been achieved in 2001 are detailed as follows:

- *Implementation of the Regional Cancer Plan has continued and the Department has worked closely with Acute Services in developing a plan for the development of breast cancer services at University College Hospital, Galway, to be implemented during 2002.*
- *Implementation of the Regional Cardiovascular Health Strategy has progressed with appointments to over 50 new related posts.*
- *We continue to be involved nationally and regionally in advancing the aims of 'Best Health for Children' and a Regional Project Manager has been appointed.*
- *The Department has almost completed an evaluation of Day Surgery in University College Hospital, Galway.*
- *A Surveillance Officer has been appointed in partnership with the National Disease Surveillance Centre.*
- *The Department has continued to manage outbreaks of infectious disease.*
- *Information on infectious disease and immunisation has improved and new reporting systems with the National Disease Surveillance Centre are in place.*
- *A Quality/Audit function has commenced with the appointment of a Quality & Implementation Officer.*
- *We are participating in a study on Health & Social Service needs for Refugees & Asylum Seekers with Trinity College Dublin.*
- *Research Projects in progress include 'Performance Indicators in Child Health', 'Evaluation of Child Health Public Health Nurse Service', 'Evaluation of Travellers' perceptions of their health needs', and 'Evaluation of a Training Programme on Health Promotion for Older People'.*
- *The Department continues to be a training facility for a number of disciplines, including Third Level students and the National Training Programme for Specialist Registrars in Public Health Medicine.*
- *A permanent joint Lecturer/Specialist appointment between National University of Ireland, Galway and the Western Health Board has been made and we continue to work in partnership with academic departments.*
- *The Department has an advisory role in a cohort study which will investigate Child Health & Development outcomes.*

Cuireann feidhm thaighde na Roinne ar ár gcumas na seirbhísí 'tosaigh' seo a mheasúnú agus a bheith páirteach in athraithe a théann chun leasa an tomhaltóra go díreach. Tugtar sonraí thíos faoin gcaoi ar baineadh iad seo amach i 2001:

- *Leanadh leis an bPlean Réigiúnach Ailse a chur i bhfeidhm agus d'oibrigh an Roinn go dlúth le Seirbhísí Géarthinnis chun plean a fhorbairt chun seirbhísí ailse brollaigh a sholáthar ag Ospidéál Choláiste na hOllscoile, Gaillimh., plean a chuirfear i bhfeidhm i rith 2002.*
- *Rinneadh dul chun cinn chun Straitéis Sláinte Chairdiach-Shoithíoch a chur i bhfeidhm nuair a rinneadh ceapacháin i mbreis is 50 post gaolmhar nua.*
- *Bhí muid páirteach go náisiúnta agus go réigiúnach i gcur chun cinn aidhmeanna 'An tSláinte is Fearr do Leanaí' agus ceapadh Bainisteoir Réigiúnach Tionscadal.*
- *Tá an measúnú ar Mháinlíacht Lae in Ospidéál Choláiste na hOllscoile, Gaillimh, beagnach críochnaithe.*
- *Ceapadh Oifigeach Faire i bpáirt leis an Lárionad Náisiúnta Fairthe Galar.*
- *Lean an Roinn ar aghaidh lena bhainistiú ar ráigeanna de ghalair thógálacha.*
- *Tá feabhas curtha ar an bhfaisnéis faoi ghalair thógálacha agus faoin imdhíonú agus tá córas nua tuairisceoireachta i bhfeidhm i bpáirt leis an Lárionad Náisiúnta Fairthe Galar.*
- *Cuireadh tús le feidhm Iniúchta/Fiúntais nuair a ceapadh Oifigeach Bearta Caighdeáin a Chur i bhFeidhm.*
- *Tá muid páirteach i staidéar ar riachtanais Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta na dTeifeach agus na nDídeanach le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.*
- *I measc na dTionscadal Taighde atá ar bun tá 'Táscairí Dul Chun Cinn i Sláinte Leanaí.' 'Measúnú ar an tseirbhís Altranais Poiblí um Sláinte Leanaí', 'Measúnú ar dhearcadh an Lucht Siúil ar a riachtanais sláinte', agus 'Measúnú ar Chlár Oiliúna maidir le Cothú na Sláinte do Dhaoine Scothaosta'*
- *Tá an Roinn ina áis oiliúna i gcónaí do dhisciplíní éagsúla, ina measc mic léinn tríú leibhéil, agus an Clár Oiliúna Náisiúnta do Chláraitheoirí ar Speisialtóirí iad sa Leigheas Sláinte Poiblí.*
- *Tá Léachtóir/Speisialtóir buan ceaptha ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Bord Sláinte an Iarthair i bpáirt lena chéile agus oibrímid i gcónaí i gcomhar leis na Ranna Acadúla.*
- *Tá ról comhairleach ag an Roinn i staidéar cohort a dhéanfaidh iniúchadh ar Shláinte Leanaí agus ar thorthaí Forbartha.*

# Management Services

# Seirbhísí Bainisteoireachta

**Management Services is responsible for the development and maintenance of Information Systems and Communications Technology throughout the Board. The Department also provides a regional service in relation to Libraries and Freedom of Information.**

**Achievements in 2001**

- *Launch of Board's Website, designed as the initial point of contact for the public to the services provided by the Board.*
- *Extension of email and internet service – there are now 1,864 email users and 1,400 internet users within the Board's network.*

**Tá an Roinn Seirbhísí Bainistíochta freagrach as Córais Faisnéise agus teicneolaíochtaí Cumarsáide a fhorbairt agus a chothabháil ar fud an Bhoird. Cuireann an Roinn seirbhís réigiúnach ar fáil chomh maith maidir leis na Leabharlanna agus Saoráil Faisnéise.**

**Ar baineadh amach i 2001**

- *Seoladh láithreán Idirlín an Bhoird, atá le bheith mar chéadphointe teagmhála don phobal leis na seirbhísí a sholáthraíonn an Bord.*
- *Leathnú ar na seirbhísí ríomhphoist agus idirlín – tá 1,864 úsáideoir ríomhphoist agus 1,400 úsáideoir idirlín laistigh de ghréasán an Bhoird.*

- *Development of Intranet, designed as a means of internal communications with all levels of staff within the Board. The Western Health Board minutes, job application forms and internal publications are now available for staff on the Intranet.*
- *Significant increase in the use of the Board's Local and Wide Area Networks – 70% of Western Health Board locations are now linked to Headquarters and each other.*
- *Major capital developments at Mayo General Hospital and University College Hospital, Galway have resulted in upgrades and the expansion of the LANs at both sites.*
- *Appointment of Integrity Consulting Partners to help develop a new Information Communication & Technology Strategy.*
- *Patient Identification Group set up to examine the duplication of patient records within the Board's systems.*
- *Project Managed the Medical Records Advisory Group.*
- *Participated in the development of Phase I of a new Human Resources system - Payroll, Personnel, Attendance, Rostering and Superannuation system (PPARS).*
- *Involvement in changes to Immunisation and Medical Card Systems.*
- *Enhancements to and implementation of Environmental Health System.*
- *Implementation of Meningococcal C Software.*

## Library Services

- *Opening of a 120 square metre Library in Castlebar servicing Galway/Mayo Institute of Technology and Western Health Board staff.*
- *A new Library has been opened at Mayo General Hospital.*
- *The Board's Library Service has been extended to Roscommon and East Galway.*
- *The level of service use has risen significantly as shown by the increase of 132% in inter-library loans, represented by over 2,200 requests.*
- *New Librarian has been appointed to Portiuncula Hospital.*

## Freedom of Information

- *Freedom of Information requests have averaged 40 per month in 2001. The Office of the Information Commissioner is now tackling the backlog of reviews, which has placed increased demands on the FoI Department.*
- *New appointment to Freedom of Information in a bid to provide all policies and procedures on-line.*

*New Community Services Headquarters, Roscommon*

*Ceanncheathrú nua na Seirbhísí Pobail, Ros Comáin*



- *Forbairt an Inlín, córas cumarsáide do gach leibhéal den bhfoireann sa Bhord. Tá miontuairiscí an Bhoird, foirmeacha iarratais do phostanna agus foilseacháin inmheánacha an Bhoird ar fáil don bhfoireann ar an Inlíon.*
- *Tháinig méadú suntasach ar úsáid Ghréasáin Áitiúla agus Leathana an Bhoird – tá 70% d'ionaid an Bhoird nasctha anois leis an gCeanncheathrú agus lena chéile.*
- *Mar gheall ar fhorbairtí móra caipitil ag Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo agus Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh rinneadh uasghrádú agus leathnú ar na Limistéir Gréasáin Áitiúla (LAN) ag an dá shuíomh.*
- *Ceapadh comhpháirtithe comhairleacha comhtháite chun cabhrú linn Straitéis nua Cumarsáide agus Teicneolaíochta a fhorbairt.*
- *Bunaíodh Grúpa Aitheanta Othar chun dúbláil ar thaifid na n-othar laistigh de chórais an Bhoird a iniúchadh.*
- *Rinneadh Bainistiú Tionscadail ar Ghrúpa Comhairleach na dTaifead Leighis.*
- *Bhí muid páirteach i bhforbairt Chéim I den gcóras nua acmhainní daonna – Pá-rolla, Pearsanra, Tinreamh, Uainchláracha agus Pinsin (PPARS).*
- *Glacadh páirt sna hathraithe ar na Córais Imdhíonaithe agus Cártaí Leighis.*
- *Rinneadh feabhsú ar an gCóras Sláinte Imshaoil agus cuireadh i bhfeidhm é.*
- *Cuireadh Bogearra Meiningeacocúil C i bhfeidhm.*

## Seirbhísí Leabharlainne

- *Osclaíodh Leabharlann 120 Méadar cearnach i gCaisleán an Bharraigh chun freastal ar Institiúid Theicneolaíochta Ghaillimh/Mhaigh Eo agus ar fhoireann Bord Sláinte an Iarthair.*
- *Osclaíodh Leabharlann nua ag Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo.*
- *Leathnaíodh Seirbhís Leabharlainne an Bhoird go Ros Comáin agus Gaillimh Thoir.*
- *Tháinig ardú suntasach ar leibhéal úsáide na seirbhíse mar a léiríonn an méadú de 132% ar iasachtaí idir-leabharlann, le níos mó ná 2,200 iarratas.*
- *Ceapadh Leabharlannaí nua in Ospidéal Phortiuncula.*

## Saoráil Faisnéise

- *Bhí 40 iarratas ar shaoráil faisnéise ann ar an meán le linn 2001. Tá aghaidh á tabhairt ag Oifig an Choimisinéara Faisnéise anois ar riaráiste na n-atbhreithnithe, rud a chuireann breis stró ar an Roinn Saoráil Faisnéise.*
- *Rinneadh ceapachán nua don Saoráil Faisnéise le hiarracht na polasaithe agus na bealaí oibre uile a chur ar-líne.*

# Capital Projects

# Tionscadail Chaipitiúla

**The Capital Projects Department is responsible for managing the Planning, Construction, Equipping and Commissioning of the approved capital projects contained within the Western Health Board's capital programme.**

**Major Projects in 2001**

- *Phase 2 Development at University College Hospital, Galway – Blocks 2A and 2B have been completed. Block 2C is under construction*
- *Orthopaedic Outpatients Department at University College Hospital, Galway.*
- *Phase 2 Development at Mayo General Hospital.*
- *Multipurpose Resource Centre in Tuam.*
- *Brain Injury Unit Rehabilitative Training Unit in Galway.*
- *New lift core at Merlin Park Regional Hospital.*
- *Healthcare Risk Waste Facility for Mayo General Hospital.*
- *New Health Centre & Day Centre in Ballinasloe.*
- *First ward upgrade at the Sacred Heart Home in Roscommon.*
- *Refurbishment of Kiltimagh Day Centre.*
- *First Phase of Central Services at Merlin Park Regional Hospital.*
- *Completion of Phase I of Clinical Sciences for Galway/Mayo Institute of Technology and Phase 2 tendered.*
- *Completion of design stage of Accident & Emergency for Roscommon County Hospital.*
- *Briefing for new ambulance base at Mayo General Hospital.*
- *Briefing for new ambulance base at University College Hospital, Galway.*
- *Health Centre in Roundstone near completion.*
- *Health Centre in Inishturk near completion.*
- *Completion of first phase of an extension to Elphin Health Centre.*
- *Extension to Boyle Health Centre near completion.*
- *Ongoing construction at new Health Centre in Achill, in partnership with Mayo County Council.*
- *Health Centre in Killala near completion.*
- *Mechanical & electrical upgrade partly finished at Sacred Heart Home, Castlebar.*
- *Extensive refurbishment was carried out at Arus Deirbhle Community Nursing Unit.*
- *Ongoing construction of Inishmore Community Nursing Unit, in partnership with Respond.*

*The Opening of St Fionnan's Community Nursing Unit, Achill, County Mayo*

*Aonad Altranas Pobail Naomh Fionnáin, Acaill, Contae Mhaigh Eo, á Oscailt*

**Tá Roinn na dTionscadal Caipitiúla freagrach as Pleanáil, Tógáil, Soláthar Trealaimh agus Bainisteoireacht ar Choimisiúnú na dtionscadal caipitiúla a faomhadh i gclár caipitil Bhord Sláinte an Iarthair.**

**Mórthionscadail i 2001**

- *Céim 2 den Fhorbairt ag Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh – tá Blocanna 2A agus 2B críochnaithe, agus tá Bloc 2C á thógáil.*
- *Roinn Ortaipéideach d'Othair Sheachtracha ag Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gailleamh.*
- *Céim 2 den Fhorbairt ag Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo.*
- *Ionad Acmhainní Iolchuspóireach i dTuaim.*
- *Ionad Oiliúna Athshlánaithe Gortú Inchinne i nGaillimh.*
- *'Sloc Ardaitheora' nua ag Ospidéal Réigiúnach Pháirc Mhuirlinne.*
- *Áis le deighleáil le dramhaíl phriaclach cúram sláinte d'Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo.*
- *Ionad Sláinte nua agus Ionad Lae i mBéal Átha na Sluaighe.*
- *An chéad uasghrádú ar bharda ag Áras an Chroí Rónaofa, Ros Comáin.*
- *Athchóiriú ar Ionad Lae Choillte Mách.*
- *An Chéad Chéim de na Seirbhísí Lárnacha ag Ospidéal Réigiúnach Pháirc Mhuirlinne.*
- *Cuireadh Céim I de na hEolaíochtaí Cliniciúla i gcrích do Institiúid Teicneolaíochta Ghaillimh - Mhaigh Eo agus cuireadh Céim 2 chun tairisceana.*
- *Críochnaíodh céim na dearthóireachta don aonad Taismí agus Éigeandála d'Ospidéal Chontae Ros Comáin.*
- *Treoir comhairleach le haghaidh bunáit nua otharcharranna ag Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo.*
- *Treoir comhairleach le haghaidh bunáit nua otharcharranna ag Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh.*
- *An tIonad Sláinte i gCloch na Rón i ngar do bheith críochnaithe.*
- *Ionad Sláinte beagnach críochnaithe in Inis Tuirc.*
- *Críochnaíodh an chéid chéim den síneadh ar Ionad Sláinte Ail Finn.*
- *An síneadh ar Ionad Sláinte Mhainistir na Búille beagnach críochnaithe.*
- *Leanadh ar aghaidh le tógáil an Ionaid Sláinte nua in Acaill, i gcomhar le Comhairle Chontae Mhaigh Eo.*
- *Ionad Sláinte nua beagnach críochnaithe i gCill Ala.*
- *Cuid den uasghrádú meicniúil agus leictreach críochnaithe ag Áras an Croí Rónaofa, Caisleán an Bharraigh.*
- *Rinneadh athchóiriú fairsing ar Aonad Altranais Pobail Áras Deirbhle.*
- *Leanadh ar aghaidh le tógáil Aonad Altranas Pobail Inis Mór, i gcomhar le Respond.*

# Human Resources

## Acmhainní Daonna

**The Human Resources Department encompasses all aspects of the structures, processes and activities that contribute to the planning, recruitment and development of all the Board's staff. It enables the other departments in the Board to deliver their services to patients by providing the right people for the right jobs.**

The activities carried out by the Human Resources Department include Recruitment, Employee Relations, Corporate Learning & Development, Personnel, Payroll, Attendance & Recruitment System (PPARS), Superannuation, Occupational Health and the Nursing & Midwifery Planning & Development Unit.

In 2001, the successful completion of the first phase of restructuring the Human Resources Department occurred with the:

- *Appointment of a Director of Human Resources .*
- *Appointment of a Corporate Learning & Development Manager.*
- *Appointment of Human Resources Officers in the Community services areas of Galway, Mayo and Roscommon.*
- *Enhancement of the Human Resources Team in Univesity College Hospital, Galway.*

**Achievements in 2001**

- *Work commenced on the development of the Human Resources Strategy, which aims to encompass the priorities of the new National Health Strategy 'Quality & Fairness – A Health System for You' and the recommendations of the Labour Relations Commission Review on Industrial Relations in the Health Service.*
- *Completion of the Phase I development on PPARS, a computer-based system for Payroll, Personnel, Attendance, Rostering & Superannuation.*
- *Inclusion of applications for all posts advertised by Human Resources on the Board's website.*
- *Delivery of Corporate Induction Programmes to new Western Health Board staff in Galway, Roscommon and Mayo on a monthly basis.*



**Tá gach gné de na struchtúir, na próisis agus na gníomhaíochtaí a bhaineann le pleanáil, earcú agus forbairt fhoireann uile an Bhoird mar chúram ar an Roinn Acmhainní Daonna. Cuireann sé ar chumas ranna eile an Bhoird a gcuid seirbhísí a sholáthar do na hothair trí na daoine cearta a fhostú do na postanna cuí.**

I measc ghníomhaíochtaí an Roinn Acmhainní Daonna bíonn Earcú, Caidreamh le Fostaithe, Foghlaim agus Forbairt Chorparáideach, an Córas Pearsanra, Pá-rolla, Tinrimh, Earcaíochta, agus Pinsin (PPARS), Sláinte Oibre, agus Aonad Pleanála agus Forbartha an Altranais agus an Chnáimhseachais.

I 2001, d'éirigh linn an chéad chéim in athsruchtúrú na Roinne Acmhainní Daonna a chur i gcrích le:

- *Ceapachán Stiúrthóra um Acmhainní Daonna.*
- *Ceapachán Bhainisteora um Fhoghlaim agus Fhorbairt Chorparáideach.*
- *Ceapacháin Oifigeach Acmhainní Daonna i gceantracha seirbhísí pobail na Gaillimhe, Mhaigh Eo, agus Ros Comáin.*
- *Uasghrádú ar an bhFoireann Acmhainní Daonna in Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh.*

**Ar baineadh amach i 2001**

- *Thosaigh an obair fhorbartha ar an Straitéis Acmhainní Daonna, a bhfuil d'aidhm aige tosaíochtaí na Straitéise nua Sláinte 'Fiúntas agus Cothroime – Córas Sláinte Duitse', a chuimsiú mar aon le moltaí Athbhreithniú an Choimisiún Caidrimh Saothair ar Chaidreamh Tionsclaíoch sa tSeirbhís Sláinte.*
- *Cuireadh Céim I de PPARS i gcrích, córas ríomhbunaithe Pá-rolla, Pearsanra, Tinreamh, Uainchláracha agus Pinsin.*
- *Foilsíodh gach post a d'fhógair Acmhainní Daonna ar láithreán idirlín an Bhoird.*
- *Cuireadh Cláracha Ionduchtaithe Corparáideacha ar fáil do bhaill foirne nua Bhord Sláinte an Iarthair i nGaillimh, i Ros Comáin agus i Maigh Eo ar bhonn mhíosúil.*
- *Thacaigh an Roinn Oiliúna le heagrú agus le forbairt Chlár Altranais agus Oideachais Leanúnaigh.*

- *Support for the organisation and development of the Continued Nursing & Education Programme by the Training Department.*
- *A total of 1,681 staff attended General Training and 1,689 staff attended Continuing Nurse Education, with a cumulative total of 6,910 training days.*
- *Delivery on recruitment and filling of all development posts in the Service Plan.*
- *Increased effort to fill vacancies in the Scarce Grades in the Allied Health Professions.*
- *Provision of support to Line Managers by the Employee Relations Section with the aim of improving Industrial Relations within the Board*
- *Provision of an effective service by the Superannuation Section to ensure prompt payment of entitlements and advice to all Western Health Board staff.*
- *In total, 658 competitions were held with 1,045 appointments and 710 development posts were created.*

## Nursing & Midwifery Planning & Development Unit

There are over 5,000 nurses and midwives employed by the Western Health Board, with additional services provided to the private and voluntary sector that employ nurses.

### Achievements in 2001

- *Expansion of the Practice Development areas to include a Practice Development Co-Ordinator for Public Health Nursing within the Mental Health Nursing Service and a Lecturer/Practitioner post in Mental Health Nursing.*
- *Establishment of benchmarking processes to help improve communication and enable the sharing of best practice procedures.*
- *Preparation of new services through needs assessment and specialist education, including the identification of posts for, and the appointment of, Clinical Nurse/Midwifery Specialists.*
- *Formation of Quality Initiative Pilot Sites, focussing on the implementation of individualised care planning through the empowerment of staff and patients.*
- *Preparation of the integration of the Pre-registration Nursing Degree Programme with current clinical and teaching services.*
- *Development of post-registration continuing education programmes within a corporate framework.*
- *A Regional Multi-disciplinary Continuing Education group was formed to guide the development of educational programmes.*

- *D'fhreastail 1,681 ball foirne ar Oiliúint Ghinearálta agus d'fhreastail 1,689 ball foirne ar Oideachas Leanúnach Altranais, le móriomlán de 6,910 laethanta oiliúna.*
- *Ónár n-earcaíocht líonadh na postanna forbraíochta go léir sa Phlean Seirbhíse.*
- *Rinneadh iarracht breise na folúntaisí sna Gráid Tearca de na Comhghairmeacha Sláinte a líonadh.*
- *Chuir Rannóg Caidrimh na bhFostaithe tacaíocht ar fáil do Bhainisteoirí Líne ar mhaithe le caidreamh tionsclaíoch laistigh den Bhord a fheabhsú.*
- *Chuir an Rannóg Pinsin seirbhís éifeachtúil ar fáil ionas go n-íocfaí go pras an méid a bhí ag dul dóibh le foireann iomlán Bord Sláinte an Iarthair, agus go gcuirfí comhairle orthu.*
- *Bhí 658 comórtas san iomlán ann, rinneadh 1,045 ceapachán agus cruthaíodh 710 post forbraíochta.*

## An tAonad Pleanála agus Forbartha Altranais agus Cnáimhseachais

Tá os cionn 5,000 altra agus cnáimhseacha fostaithe ag Bord Sláinte an Iarthair, agus cuirtear seirbhísí sa bhreis ar fáil don earnáil phríobháideach agus dheonach a fhostaíonn altraí.

### Ar baineadh amach i 2001

- *Leathnaíodh na réimsí Forbartha Cleachtais chun Comhordnóir Forbartha Cleachtais don Altranas Sláinte Poiblí a chur san áireamh laistigh den tSeirbhís Altranais Meabhairshláinte mar aon le post Léachtóra/Cleachtaitheora in Altranas Meabhairshláinte.*
- *Bunaíodh próiseas meastóireachta "marcáil binse" ar mhaithe le cumarsáid a fheabhsú agus chun na beartais cleachtais is fearr a roinnt le chéile.*
- *Ullmhaíodh seirbhísí nua trí mheasúnú ar riachtanais agus trí oideachas speisialaithe, aithníodh go raibh gá le Saineolaithe Altranais Clinice/ Cnáimhseachais agus ceapadh iad.*
- *Cruthaíodh Suíomhanna Píolótacha Tionscnaimh Feabhais a dhíríonn ar chúram do dhaoine aonair ar leith a phleanáil agus a chur i bhfeidhm trí bhaill foirne agus othair a chumasú.*
- *Ullmhaíodh beartas chun an Clár Céime Altranais Réamhchlárúcháin a chomhshamhlú leis na seirbhísí reatha cliniciúla agus teagaisc.*
- *Forbairt chláracha oideachais leanúnaigh iarchlárúcháin laistigh den ghréasán chorparáideach.*
- *Cuireadh Grúpa Ildisciplíneach Réigiúnach le chéile don Oideachas Leanúnach chun forbairt chláracha oideachais a threorú.*

- *At national level, the Unit was involved with the Health Care Assistants' Development Programme and the development of a conversion course for State Enrolled Nurses in partnership with the North Western Health Board and Queens University, Belfast.*
- *In line with the Commission on Nursing recommendations, the Unit examined conditions and staffing levels in care of the older people settings and, as a consequence, additional funding was provided to this year's allocation.*
- *3 Clinical Facilitators were appointed to support staff in the implementation of changes required in the organisation and delivery of individualised resident care in the Older People settings.*

***Some members of the Cardiac Team, Angio Lab, at University College Hospital, Galway***

***Roinnt den fhoireann Chairdiach i Saotharlann na bhFuileadán Croí in Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh***

- *Bhí an tAonad gníomhach ag an leibhéal náisiúnta le Clár Forbartha na gCúntóirí Cúram Sláinte agus le forbairt an chúrsa aistrithe do Altraí Stát-Inrollaithe i bpáirt le Bord Sláinte an Iarthuaiscirt agus Ollscoil na Banríona, Béal Feirste.*
- *Scrúdaigh an tAonad na coinníollacha agus na leibhéil foirne i suíomhanna a thugann cúram do dhaoine scothaosta de réir mholtaí an Choimisiúin Altranais, agus dá thoradh sin, cuireadh maoiniú breise ar fáil i gcionroinnt na bliana seo.*
- *Ceapadh 3 éascaitheoir cliniciúil chun cabhrú le baill foirne na hathraithe atá de dhíth a chur i bhfeidhm agus cúram cónaitheach do dhaoine aonair a chur ar fáil agus a eagrú i suíomhanna na ndaoine scothaosta.*

# Technical Services
# Seirbhísí Teicniúla



**The Technical Services Department provides the technical interface on individual projects between Healthcare Professionals and Technical Consultants so that design proposals are aligned with service operation policies.**

The Department has been actively involved with improvements to facilities within the Board's area, including electrical upgrades and equipment replacement.

It also provides advice on design, specification, supervision and procurement associated with the Board's Maintenance activity. Capital Building and Refurbishment, Risk and Asset Management and Health & Safety issues.

**Achievements in 2001**

- *Carried out Risk Assessment Appraisals at a number of centres, taking into account both staff conditions and their working environments.*
- *Provided staff training for issues relating to Safety, Health & Welfare at Work.*
- *Continued to work in partnership with the Health & Safety Authority, the Environmental Protection Agency, Community Groups and Local Authorities.*
- *Continued to foster staff members' potential by providing ongoing opportunities for the development of specialised healthcare technical and management skills.*
- *Physical Resources Manager appointed to help secure the optimum performance of facilities assets in use, having regard to Board service plans and strategic healthcare objectives.*

We have been involved in the following capital developments from a technical perspective:

- *Phase II at Mayo General Hospital.*
- *Phase II at University College Hospital, Galway.*
- *Proposed Accident & Emergency Department for Roscommon County Hospital.*
- *Hospice Units in Boyle and Ballina.*
- *Health Centres in Elphin, Roundstone, Kilconnel, Boyle, Ballinasloe, Inishturk.*
- *Institute of Health Services, Castlebar.*
- *High Support Residential Hostel, Castlebar.*
- *Aspergillus and infection control in Galway Regional Hospitals.*

*Angio Lab, University College Hospital, Galway*

*Saotharlann Fuileadán Croí, Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh*

*New Health Centre, Ballinasloe, County Galway*

*Ionad Sláinte nua, Béal Átha na Sluaighe, Contae na Gaillimhe*

**Cuireann Roinn na Seirbhísí Teicniúla an comh-éadan teicniúil ar fáil ar thograí aonair idir Lucht Gairme cúram sláinte agus Comhairleoirí Teicniúla ionas go mbeidh moltaí deartha in oiriúint do pholasaithe chun na seirbhísí a chur ar fáil.**

Bhí páirt ghníomhach ag an Roinn i bhfeabhsú na n-áiseanna laistigh de cheantar an Bhoird, ina measc uasghrádaithe leictreacha agus athsholáthar trealaimh. Cuireann sé comhairle ar fáil chomh maith maidir le dearadh, sonraíocht, feitheoireacht, agus soláthar mar a bhaineann sé le gníomhaíocht cothabhála an Bhoird, le tógáil chaipitiúil agus athchóiriú, le bainistiú priacail agus sócmhainní agus le ceisteanna Sláinte agus Sábháilteachta.

**Ar baineadh amach i 2001**

- *Rinneadh Breithmheasanna Measúnaithe Priacail ag aonaid éagsúla, agus cuireadh san áireamh coinníollacha na foirne agus a dtimpeallacht oibre.*
- *Cuireadh cursaí oiliúna foirne ar fáil i dtaobh ceisteanna mar Sábháilteacht, Sláinte agus Leas san Ionad Oibre.*
- *Leanadh leis an obair chomhpháirtíoch leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Áisíneacht Cosanta Imshaoil, Crúpaí Pobail agus leis na hÚdaráis Áitiúla.*
- *Leanadh ar aghaidh le mianach na foirne a chothú trí dheiseanna leanúnacha a chur ar fáil chun sainscileanna teicniúla i gcúram sláinte agus sa bhainistíocht a fhorbairt.*
- *Ceapadh Bainisteoir Acmhainí Fisiciúla le cinntiú go mbainfí amach an toradh is fearr as acmhainní na n-áiseanna a úsáidtear, le haird ar phleananna seirbhíse an Bhoird agus ar chuspóirí straitéiseacha cúram sláinte.*

Bhí muid páirteach sna forbairtí caipitil seo leanas ó thaobh na teicneolaíochta díobh:

- *Céim II ag Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo.*
- *Céim II ag Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh.*
- *An Roinn Taismí agus Éigeandála atá beartaithe do Ospidéal Contae Ros Comáin.*
- *Aonaid Oispíse i Mainistir na Búille agus i mBéal an Átha.*
- *Ionaid Sláinte in Ail Finn, Cloch na Rón, Cill Chonaill, Mainistir na Búille, Béal Átha na Sluaighe, Inis Tuirc.*
- *Institiúid na Seirbhísí Sláinte, Caisleán an Bharraigh.*
- *Brú Ard-tacaíochta, Caisleán an Bharraigh.*
- *Aspergillus agus infhabhtaithe a choinneáil faoi smacht in Ospidéil Réigiúnacha na Gaillimhe.*

# Finance

# Airgeadas

**The Western Health Board's funding allocation for 2001 was IR£444 million - an increase of IR£92.5 million on the previous year. Of this increase IR£49.8 million was for pay awards and price increases and IR£42.6 million for improvements and developments across a very wide range of services.**

2001 was a year of unprecedented growth and development and this was a huge challenge in getting all the service developments into place. We exceeded our Service Plan activity targets and ended the year balanced to within 0.15%.

**Riunneadh cionroinnt de IR£444 Milliún do Bhord Sláinte an Iarthair do 2001 – ardú de IR£92.5 milliún ón mbliain roimhe sin. Bhain IR£49.8 milliún den ardú sin le hardaithe tuarastail agus ardaithe praghasanna agus IR£42.6 le feabhsúcháin agus forbairtí thar réimse an-leathan de sheirbhísí.**

Bliain fáis agus forbartha ab ea 2001 nach bhfacthas a leithéid cheana agus ba ollmhór an dúshlán a chruthaigh sé sin dúinn chun na forbairtí sna seirbhísí uile a chur ar fáil. Sháraigh muid na spriocanna gníomhaíochta a bhí againn inár bplean seirbhíse agus bhí comhardú i bhfoisceacht 0.15% cruinnis againn ag deireadh na bliana.

### Achievements in 2001

- *We continued to partake in the implementation of the PPARS project.*
- *We played a major role in the purchase negotiations and integration of Portiuncula Hospital and assessed the insurance implications involved in taking over the Hospital.*
- *We integrated 1,500 part-time Home Help staff onto the payroll system.*
- *We completed the inventory of land and buildings for the National Property Register.*
- *We automated payments to the large voluntary organisations.*
- *We upgraded to a new version of the General Ledger for improved management reporting purposes.*
- *We managed the conversion of financial systems, equipment and stationery for Euro Conversion and trained and prepared staff and clients while normal services continued throughout the Conversion process.*

### Challenges in 2001

- *Nursing Homes – payment of top-up subventions, increase in rates, demand and dependency, once-off payment of pocket money arrears.*
- *Increase in demand for and cost of cancer and other high technology drugs.*
- *Significant increase in insurance premiums.*
- *Significant increase in activity in Acute Hospitals.*
- *Staff Recruitment and Accommodation costs.*
- *Mayo General Hospital – commissioning Phase 2 development with a very tight budget.*
- *Ambulance – increase in demand and additional crews for health & safety reasons.*
- *Older Persons – need for Respite Beds and Day Care facilities in our Community Nursing Units.*
- *Health & Safety/Risk Management expenditure.*

### Appointments

- *3 Management Accountants to Community Services in Galway and Mayo and Mayo General Hospital.*
- *An Accountant to manage the financial aspects of our relationship with the voluntary organisations – to which we have funded about IR£39 million.*
- *A Financial Systems Project Manager to lead the Board's team in the conjoint procurement of new financial systems.*

### Prompt Payment of Accounts Act, 1997

During the year the total number of late payments was 8,103 and they were on average 16 days over the due date. The total value of these payments was IR£4,363,335 with associated penalty interest payments of IR£18,053. Approximately 97% of all payment demands were paid within the prescribed timeframe, i.e. 45 days.

*New Intensive Care Unit, Portiuncula Hospital, Ballinasloe, County Galway*

*Ionad Nua Dian-chúraim, Ospidéal Phortiuncula, Béal Átha na Sluaighe, Contae na Gaillimhe*

### Ar baineadh amach i 2001

- *Lean muid ar aghaidh lenár bpáirtíocht i gcur i bhfeidhm thogra PPARS.*
- *Bhí ról lárnach againn san idirbheartaíocht ceannacháin agus sa chomhshamhlú a bhain le hOspidéal Phortiuncula agus rinne muid measúnú ar na himpleachtaí árachais a bhain le dul i gceannas ar an Ospidéal.*
- *Thug muid 1,500 oibríthe Cúnaimh Baile páirtaimseartha isteach go hiomlán sa chóras párolla.*
- *Chríochnaigh muid fardal talún agus foirgneamh don Chlár Náisiúnta Maoine.*
- *Chuir muid uathoibriú i bhfeidhm ar íocaíochtaí chuig eagraíochtaí móra deonacha.*
- *Fuair muid leagan nua den Mhórleabhar Ginearálta chun tuairisceoireacht bhainistíochta a fheabhsú.*
- *Rinne muid bainistiú ar aistriú na gcóras airgeadais, an trealaimh agus na stáiseanóireachta don Euro agus d'oil muid agus d'ullmhaigh muid an fhoireann agus na cliaintí a fhad is a lean gnáthsheirbhísí ar aghaidh le linn an phróisis aistriúcháin.*

### Dúshláin i 2001

- *Tithe Altranais – íocaíocht na ndeontas forlíontach, ardú i rátaí, in éileamh agus i spleáchas, íocaíocht aon-uaire de riaraistí airgead póca.*
- *Méadú ar an éileamh agus ar chostas drugaí don ailse agus drugaí eile ardteicneolaíocha.*
- *Ardú suntasach ar na préimheanna árachais.*
- *Méadú suntasach i gníomhaíochtaí na nOspidéal Géarthinnis.*
- *Costais Earcaíochta agus Lóistín foirne.*
- *Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo – coimisiúnú fhorbairt Chéim 2 ar bhuiséad an-teoranta.*
- *Otharcharranna – méadú ar an éileamh agus ar fhoirne breise ar chúiseanna sláinte agus sábháilteachta.*
- *Daoine scothaosta – gá le Leapacha Faoisimh agus áiseanna cúram lae inár nAonaid Altranais Pobail.*
- *Caiteachas ar Bhainistiú Priacail/ Sláinte agus Sábháilteacht.*

### Ceapacháin

- *3 Chuntasóir Bainistíochta chuig Seirbhísí Pobail i nGaillimh agus i Maigh Eo agus in Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo.*
- *Cuntasóir chun bainisteoireacht a dhéanamh ar ghnéithe airgeadais d'ár gcaidreamh leis na heagraíochtaí deonacha – dream ar thug muid maoiniú de timpeall IR£39 milliún dóibh.*
- *Bainisteoir Tionscadal do Chórais Airgeadais chun foireann an Bhoird a threorú i gcomhsholáthar chórais nua airgeadais.*

### An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

I rith na bliana b'é líon iomlán na n-íocaíochtaí malla ná 8,103 agus ar an méan is 16 lá chun deiridh ar an dáta dleachtach a bhí siadsan. IR£4,363,335 ab ea luach iomlán na n-íocaíochtaí seo mar aon le IR£18,053 d'íocaíochtaí úis mar phíonós. Íocadh 97% de na héilimh ar íocaíocht taobh istigh den am chuí .i. 45 lá.

## Income & Expenditure Account (Unaudited) For Year Ended 31 December, 2001
## Ioncam agus Cuntas Caiteachais (Neamh-iniúchta) don bhliain dár críoch 31ú lá de mhí na Nollag, 2001

| | | 2001 EURO €'000 | 2001 IR£'000 | 2000 IR£'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Expenditure** | **Caiteachas** | | | |
| Pay | Páigh | 337,044 | 265,444 | 214,707 |
| Non-Pay | Neamh-Pháigh | 265,802 | 209,336 | 165,569 |
| | | **602,486** | **474,780** | **380,276** |
| **Income** | **Ioncam** | | | |
| Health Grant | Deontas Sláinte | 563,947 | 444,144 | 350,397 |
| Other Income | Ioncam eile | 41,901 | 33,000 | 30,083 |
| | | **605,848** | **477,144** | **380,480** |
| **Surplus for Year** | **Fuílleach don Bhliain** | 3,002 | 2,364 | 204 |
| Surplus b/f | Fuilleach ar aghaidh | 1,195 | 941 | (256) |
| Deficit funded by Department | Easnamh a maoiníodh ón Roinn | 1,630 | 1,284 | 993 |
| **Cumulative Surplus** | **Fuílleach Carnach** | **5,827** | **4,589** | **941** |




## Non-Pay Expenditure
## Caiteachas Neamh-Pháigh

| | | 2001 IR£m | 2000 IR£m |
|---|---|---|---|
| Grants to Outside Agencies | Deontais d'Áisíneachtaí Seachtracha | 62.7 | 50.9 |
| Drugs/Medicines/Blood | Drugaí/Ábhair Leighis/Fuil | 30.9 | 26.2 |
| Medical/Surgical Supplies | Trealamh Leighis/Máinliachta | 25.6 | 21.4 |
| Cash Allowances/Capitation | Liúntais/Deontas Caipitlíochta | 16.5 | 11.9 |
| Housekeeping | Tíos | 14.1 | 11.3 |
| Office/Computer Expenses | Costas don Oifig/Ríomhairí | 18.9 | 13.4 |
| Transport | Iompar | 9.9 | 7.5 |
| X-Ray/Laboratory | X-ghathú/Saotharlann | 7.0 | 6.6 |
| Maintenance/Energy | Cothabháil/Fuinneamh | 10.6 | 7.7 |
| Finance Costs | Costas Airgeadais | 7.0 | 5.1 |
| Other | Rudaí Eile | 6.1 | 3.6 |
| | | **209.3** | **165.6** |




## Pay Expenditure
## Caiteachas Páigh

| | | 2001 IR£m | 2000 IR£m |
|---|---|---|---|
| Nursing | Altranas | 97.7 | 83.1 |
| Support Services | Seirbhísí Tacaíochta | 48.8 | 38.0 |
| Medical/Dental | Leigheas/Fiaclóireacht | 44.6 | 34.4 |
| Management/Administration | Bainistíocht/Riarachán | 26.8 | 19.0 |
| Paramedical | Lucht Cúnta Leighis | 23.9 | 18.4 |
| Superannuation | Cur ar Pinsean | 19.2 | 18.0 |
| Maintenance/Technical | Cothabháil/Teicniúil | 4.4 | 3.8 |
| | | **265.4** | **214.7** |




## Other Income
## Ioncam Eile

| | | 2001 IR£m | 2000 IR£m |
|---|---|---|---|
| Patient Income | Ioncam ó othair | 16.8 | 16.0 |
| Pay Income | Ioncam Páighe | 9.9 | 8.4 |
| Other Income | Ioncam Eile | 6.2 | 4.9 |
| EU Income | Ioncam Comhaontas na hEorpa | 0.1 | 0.8 |
| | | **33.0** | **30.1** |




## Summary of Total Expenditure
## Achoimre ar Chaiteachas Iomlán

| | | 2001 IR£m | 2000 IR£m |
|---|---|---|---|
| Health Revenue | Ioncam Sláinte | 477 | 380 |
| Health Capital | Caipiteal Sláinte | 55 | 43 |
| Other (SWA Housing Aid) | Rudaí Eile (Cabhair Tithíochta SWA) | 5 | 5 |
| | | **537** | **428** |




## Health Revenue - Pay & Non-Pay
## Ioncam Sláinte - Páigh & Neamh-Pháigh

| | | 2001 IR£m | 2000 IR£m |
|---|---|---|---|
| Pay | Páigh | 266 | 215 |
| Non-Pay | Neamh-Pháigh | 209 | 165 |
| | | **475** | **380** |




## Health Revenue by Programme - Gross Expenditure
## Ioncam Sláinte de réir na gClár - Caiteachas Comhlán

| | | 2001 IR£m | 2000 IR£m |
|---|---|---|---|
| General Hospital Care | Cúram Ospidéal Ginearálta | 195 | 157 |
| Community Care | Cúram Pobail | 199 | 157 |
| Special Hospital Care | Cúram Ospidéil Speisialta | 65 | 55 |
| Central Services | Seirbhísí Lárnacha | 16 | 11 |
| | | **475** | **380** |




## Health Revenue - Income
## Ioncam Sláinte - Ioncam

| | | 2001 IR£m | 2000 IR£m |
|---|---|---|---|
| Health Grant | Deontas Sláinte | 444 | 350 |
| Board Income | Ioncam an Bhoird | 33 | 30 |
| | | **477** | **380** |

# Our Area

# Ár gCeantar

Acute Psychiatric Unit, County Hospital, Roscommon

Acute Psychiatric Unit, University College Hospital, Galway

Aras Attracta, Swinford

**Community Nursing Units**

*Achill*

*Ballina*

*Belmullet*

*Boyle*

*Carraroe*

*Castlerea*

*Claremorris*

*Clifden*

*Galway*

*Tuam*

*Westport*

**Community Services**

*Newcastle Road, Galway*

*Castlebar*

*Roscommon*

Continuing Care Unit, Castlerea

**County Clinics**

*Castlebar*

*Roscommon*

**District Hospitals**

*Ballina*

*Belmullet*

*Clifden*

*Swinford*

Galway Regional Hospitals:

*Merlin Park Regional Hospital, Galway*

*University College Hospital, Galway*

**Health Centres**

*Achill Sound*

*Athenry*

*Ballina*

*Ballinasloe*

*Ballyforan*

*Bangor Erris*

*Belmullet*

*Boyle*

*Carraroe*

*Charlestown*

*Clare Island*

*Clifden*

*Gort*

*Headford*

*Kilconnell*

*Killala*

*Kilronan, Aran Islands*

*Mervue, Galway*

*Roundstone*

*Shantalla, Galway*

*Tuam*

*Woodford*

Mayo General Hospital, Castlebar

Portiuncula Hospital, Ballinasloe

Roscommon County Hospital

Sacred Heart Hospital, Castlebar

Sacred Heart Hospital, Roscommon

St Anne's Childrens' Centre, Taylors Hill, Galway

St Brendan's Hospital, Loughrea

St Brigid's Psychiatric Hospital, Ballinasloe

St Mary's Psychiatric Hospital, Castlebar

Aonad Cúram Leanúnaigh, An Caisleán Riabhach

Aonad Géarthinnis Síciatraigh, Ospidéal Contae, Ros Comáin.

Aonad Géarthinnis Síciatraigh, Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh.

Áras Athrachta, Béal Átha na Muice

**Aonaid Altranas Pobail**

*Acaill*

*Béal an Átha*

*Béal an Mhuirthead*

*Mainistir na Búille*

*An Cheathrú Rua*

*An Caisleán Riabhach*

*Clár Chlainne Mhuiris*

*An Clochán*

*Gaillimh*

*Tuaim*

*Cathair na Mart*

**Seirbhísí Pobail**

*Bóthar an Chaisleáin Nua, Gaillimh*

*Caisleán an Bharraigh*

*Ros Comáin*

**Clinicí Contae**

*Caisleán an Bharraigh*

*Ros Comáin*

**Ospidéil Cheantair**

*Béal an Átha*

*Béal an Mhuirthead*

*An Clochán*

*Béal Átha na Muice*

Ospidéil Réigiúnacha na Gaillimhe:

*Ospidéal Réigiúnach Pháirc Mhuirlinne, Gaillimh*

*Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh*

**Ionaid Sláinte**

*Gob an Choire*

*Baile Átha an Rí*

*Béal an Átha*

*Béal Átha na Sluaighe*

*Béal Átha Feorainne*

*Baingear Iorrais*

*Béal an Mhuirthead*

*Mainistir na Búille*

*An Cheathrú Rua*

*Baile Chathail*

*Cliara*

*An Clochán*

*An Gort*

*Áth Cinn*

*Cill Chonaill*

*Cill Ala*

*Cill Rónáin*

*An Baile Bán, Gaillimh*

*Cloch na Rón*

*Seantalamh, Gaillimh*

*Tuaim*

*An Ghráig*

Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo, Caisleán an Bharraigh

Ospidéal Phortiuncula, Béal Átha na Sluaighe

Ospidéal an Chontae, Ros Comáin

Ospidéal an Chroí Rónaofa, Caisleán an Bharraigh

Ospidéal an Chroí Rónaofa, Ros Comáin

Ionad Naomh Áine na bPáistí, An Bóthar Ard, Gaillimh

Ospidéal Naomh Breandán, Baile Locha Riach

Ospidéal Síciatrach Naomh Bríd, Béal Átha na Sluaighe

Ospidéal Síciatrach Naomh Muire, Caisleán an Bharraigh

ISSN 1393-6980
Copyright © 2002 Western Health Board, Headquarters, Merlin Park, Galway, Ireland

All rights reserved. No part of this publication may be reproduced or transmitted in any form or by any means, electronic or mechanical, including photocopying, recording or any information storage and retrieval system, without permission in writing from the publisher.

ISSN 1393-6980
Cóipcheart © 2002 Bord Sláinte an Iarthair, Ceannáras, Páirc Mhuirlinne, Gaillimh, Éire

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atairgeadh, ná a tharchur i bhfoirm ar bith ná in aon tslí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh, ná a chur i gcóras stórála is athfhála faisnéise nó eile, gan cead i scríbhinn ón bhfoilsitheoir.

**Western Health Board**

Headquarters, Merlin Park, Galway
Tel: 091 751131 Fax: 091 752644
Email: ceowhb@whb.ie

**Bord Sláinte an Iarthair**

Ceanncheathrú, Páirc na Muirlinne, Gaillimh
Teil: 091 751131 Faics: 091 752644
Ríomhphost: ceowhb@whb.ie

DESIGNED AND PRODUCED BY BEGLEY HUTTON, DESIGN CONSULTANTS